

Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2010

CLÁR

Aitheasc an Chathaoirligh agus Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

Forbhreathnú – staidreamh 2010 in aon amharc amháin

Ráiteas Straitéise

Caibidil 1 – An Eagraíocht

Caibidil 2 – Coimeád na bPríosúnach

Caibidil 3 – Coimeád Sábháilte agus Slán

Caibidil 4 – Cúram agus Athshlánú na bPríosúnach

Caibidil 5 – Seirbhísí Sláinte do Phríosúnaigh

Caibidil 6 – Eastát na bPríosún

Caibidil 7 – Airgeadas

Caibidil 8 – Bainistiú Acmhainní Daonna

Aitheasc an Chathaoirligh

Tháinig Bord Eatramhach Údarás na bPríosún (an Bord) le chéile cuig uaire le linn 2010. Agus é ag leanacht de dhíriú ar na cláir riachtanacha agus na hathruithe bonneagair atá idir lámha cheana féin tá an Bord freisin tar éis glacadh le cuspóirí mar thosaíochtaí lena chinntiú go gcuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar fáil coimeád sábháilte, slán, athshlánaíoch agus daonnachtúil do dhaoine a chuirtear go príosún agus go gcuidíonn sé le bainistiú pianbhreitheanna cimithe ar bhealach a spreagann príosúnaigh agus a thugann tacaíocht dóibh ina n-iarrachtaí saol a chaitheamh a bheadh géilliúil don dlí agus a mbeadh cuspóir leis, ag teacht le bunús an Ráitis Mhisin.

Agus muid ag breathnú siar ar imeachtaí 2010, is í an cheist is práinní atá os comhair Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Bhoird an líon príosúnach inár n-institiúidí atá ag dul i méid de shíor agus an méid mór príosúnach atá scaoilte amach go sealadach, i ngeall ar easpa spásanna príosúin. Bhí méadú de 15% beagnach nó 1,622 i líon na ndaoine a cimíodh go príosún i 2010. Faoi mar a tugadh faoi deara sna blianta atá thart, ní hamháin go gcuireann daonra na bpríosún agus é ag dul i méid brú ollmhór ar an tSeirbhís tosca sábháilte, slán agus daonnachtúla a chur ar fáil do phríosúnaigh agus d'fhoireann araon, ach cuireann sé stró freisin ar an bhfoireann thiomanta agus na seirbhísí cúntacha sin atá gafa le bainistiú an réimis phríosúin.

Is í tuairim an Bhoird gurb é tionscnamh Halla Bhaile na Sceach ag Cill Shalcháin, Co. Bhaile Átha Cliath an chloch choirnéil straitéiseach do thodhchaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus, dá bharr sin, go bhfuil sé ina ghné fhíorthábhachtach den chóras ceartais choiriúil. Béimíonn an méadú ar an líon daoine a cimítear go príosún, agus na ceisteanna a ghabhann leis sin, an riachtanas atá leis an tionscnamh. Cé go raibh tionscnamh Halla Bhaile na Sceach ina fhorás straitéiseach meántéarmach go fadtéarmach i dtoscah báire, tá sé tar éis éirí ina thosaíocht chriticiúil phráinneach. Le blianta fada tá an Bord ag breathnú ar na tosca do-ghlactha agus an plodú i bPríosún Mhuinseo, in ainneoin na sároibre atá déanta ag foireann na Seirbhíse Príosúin faoi cheannas an Ard-Stiurthóra agus na bainistíeoireachta sinsearaí.

Is cúis bhreise imní don Bhord fionraí Phríosún Réigiúnach na Mumhan ag Cill Uird, Co. Chorcaí agus cealú aistriú suímh ón Roinn Cosanta toisc nach bhfuil airgead a faomhadh cheana ar fáil. Glacaimid leis go mbeidh moill ar shoiléiriú staid an mhaoinithe chaipitil ach is trua nach rabhamar in ann sealbhú a dhéanamh ar an suíomh agus ansin dul ar aghaidh le dearadh agus pleanáil réamhchéime.

Clár Caipitil

Tar éis dom a riachtanaí is atá Príosún Halla Bhaile na Sceach agus Príosún Réigiúnach na Mumhan a bhreacrianú, beidh ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann leanacht ar aghaidh freisin lena clár tógála agus athchóirithe príosún, agus é sin a dhéanamh níos mó na riamh i gcomhthéacs an leas is fearr a bhaint as a bhfuil ar fáil.

Tugann an Bord suntas do dhul chun cinn tionscnamh caipitil mar leanas le linn na bliana:

- Chuir bloc nua i gCruithneachtán 200 spás nua ar fáil. Tá ionad liachta ann freisin le fiacloireacht agus ionad iontrála príosúnach. Cuireadh críoch freisin le háis nua cistine le freastal ar an bpríosún iomlán.
- Chuir athchóiriú an Aonaid Scarúna i bPríosún Mhuinseo spás ar fáil do 56 príosúnach.
- Rinneadh athchóiriú iomlán ar 14 cillín in eite na mban i bPríosún Luimnigh nach raibh in úsáid roimhe.
- Dámhadh conradh go déanach i 2010 le go soláthrófaí 70 spás breise do phríosúnaigh bhaineann in Ionad Dóchas taobh istigh de champas Mhuinseo.
- Cuireadh tús le pleanáil sínidh bloic cillíní nua sa Phríosún Láir Tíre a mbeidh an fhéidearthacht ann 300 spás a chur ar fáil.
- Cuireadh tús déanach i 2010 ar obair ar fhoirgneamh nua cúraim shláinte i bPríosún Chorcaí a mbeidh áiseanna sláinte ar fáil iontu a bheas ina bhfeabhas mór.

Cuideoidh na tionscnaimh seo méid áirithe maidir le feabhsú na dtosca sna hinstiúidí is sine.

Sláinte agus Sábháilteacht

Faoi stiúradh na Foirne Bainistíochta Feidhmeannais um Shláinte agus Shábháilteacht, seoladh OHSAS 18001, an córas bainistíochta sabháilteachta atá creidiúnaithe go hidirnáisiúnta, go foirmiúil i ngach láthair phríosúin i 2010.

Molann an Bord príosúin Láir Tíre agus Phort Laoise agus Ionad Oiliúna agus Forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann as creidiúnú a bhaint amach don chóras OHSAS 18001 ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann.

Ba éacht é freisin gur baineadh amach Gradam an Taoisigh faoi Scéim Barr Feabhais na Seirbhíse Poiblí don Trealamh Tarrthála Snaptha Cillín (CSRE). Cinntíonn an trealamh nua laghdú suntasach de 50% in úsáid trealaimh snaptha cillín in eachtraí éigeandála. Gné bhunúsach de tharrtháil rathúil atá san fheabhsú ar an tréimhse fhreagartha. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tar éis córas nua a

dhéanann coigealtas suntasach in oiliúint foirne agus costais choinneála araon a chur in áit córais dhlúthshaothair, chasta agus chostasaigh.

Thug an gradam seo aitheantas don obair dhian a bhí i gceist agus an CSRE á fhorbairt – comhthionscnamh idir Seirbhísí Príosúin na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe.

Cúrsai Comhshaoil

Le linn 2010 bhunaigh an Oifig Comhshaoil comhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inbhuanaitheachta na hÉireann arb é an toradh atá air forás cláir oiliúna do bhainisteoirí tábhachtacha i Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le feasacht fuinnimh agus monatóireacht ar fud na seibhíse.

Cuireadh Comhardaithe Fuinnimh i gcrích i roinnt earnálacha le gur féidir le Seirbhís Phríosúin na hÉireann comhlíonadh a dhéanamh ar an gceanglas atá uirthi úsáid fuinnimh agus acmhainne a íslíú.

Bás sa tSeirbhís

Mo lean, fuair beirt bhall foirne bás le linn 2010: na hOifigigh Phríosúin Patrick John (PJ) Doran, Teach an Locháin agus James Forde, Príosún Chorcaí. Is mian liom mo chomhbhrón féin agus comhbhrón an Bhoird a chur in iúl dá gcairde, dá muintir agus dá gcomhghleacaithe.

Earcaíocht

Le linn 2010 faomhadh earcú 152 ábhar oifigeach príosúin, 7 altra agus 2 shíceolaí. Bhí an faomhú sin ina fhreagairt, méid áirithe, ar mhéadú ar líon na ndaoine a bí ag dul ar scor nó ag éirí as le linn 2010 (d'fhág 226 ball foirne an tseirbhís – méadú de thart faoi 6% ar an líon i 2009). Bhí foireann nua de dhíth freisin ar mhaithe le seoladh na cóiríochta nua do phríosúnaigh i bpríosúin an Chruitheachtáin agus Mhuinseo. Chuidigh na hearcaigh nua freisin le seoladh cóiríochta breise do mhná i bPríosún Luimnigh.

Bainistiú Láithreachais

Tugann an Bord faoi deara go raibh méadú 5.6% i líon na laethanta a cailleadh i ngeall ar thinneas i gcomparáid le figiúirí 2009. Is trua gur céim ar chúl é seo le hais an treocht in ísle a bhí ann ar fud na seirbhíse príosúin le ceithre bliana anuas.

Cuímheas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Diarmaid Ó hEachthiarn agus leis an Ard-Rúnaí, Sean Aylward, as a dtacaíocht le blianta anuas agus tá mé ag tnúth leis an gcaidreamh céanna a choinneáil leis an Aire Alan Shatter TD agus foireann a Roinne.

Tá buíochas ag dul don Ard-Stiúrthóir, Brian Purcell, agus foireann na n-institiúidí, na ceanncheathrún agus seirbhísí tacaíochta eile, a dhéanann a gcuid oibre go gairmiúil

sa tráth seo nuair atáthar ag súil leis an oiread sin agus nuair atá laghdu ar acmhainní.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le mo chomhbhaill Bhoird a thagann le chéile go rialta leis an Ard-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí a dtugaimid comhairle agus treoir dóibh i mbainistiú an chórais phríosúin.

Brian McCarthy

Cathaoirleach

Bord Eatramach Údarás na bPríosún

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

Do: An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta Alan Shatter TD

A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2010 a chur ar aghaidh chugat.

Bhí sábháilteacht agus slándáil na bpríosún, bainistiú líon na bpríosúnach agus soláthar cóiríochta cuí agus seirbhísí do phríosúnaigh ina dtosaíochtaí leanúnacha le linn 2010.

Líon na bPríosúnach

Le linn 2010 bhí iomlán de 17,179 cimithe go príosún. Méadú suntasach a bhí ansin ar an iomlán de 15,425 i 2009 agus b'ionann é agus méadú de 11.4%. Bhí iomlán de 13,758 duine i gceist sna cimithe seo. Ar an iomlán bhí 12,487 cimithe faoi phianbhreith le linn na bliana, méadú de 1,622 nó 14.9% ar an líon (10,865 cimithe) i 2009. Arís bhí méadú mór ar an líon cimithe le haghaidh neamhíocaíochta ar fhíneáil chúirtordaithe le linn 2010. Bhí méadú de 39% sa chatagóir seo ar an líon do 2009 - ó 4,806 i 2009 go 6,608 i 2010. Leanann sé sin méadú de 90.7% i 2009.

Meastar go mbeidh laghdú suntasach ar an líon seo de thoradh Acht na bhFíneálacha 2010. Tá sé leagtha amach san Acht go mbeifear in ann fíneálacha a íoc i ngalaí. Nuair a thiofadh Alt 15 i bhfeidhm féadfaidh duine a ngearrtar fíneáil air/uirthe cead a lorg ón gcúirt an fhíneáil a íoc ar an modh sin. Beidh sé indéanta an fhíneáil a íoc thar thréimhse 12 mhí agus i gcásanna eisceachtúla, thar thréimhse 2 bhliain. Tosófar ar na forálacha seo a chur i bhfeidhm a luaithe is a bheas na feabhsuithe riachtanacha déanta do chóras teileachumarsáide faisnéise Sheirbhís na gCúirteanna.

Mar sin féin, tháinig Alt 14 den Acht i bhfeidhm le héifeacht ón 4 Eanáir 2011. Cuireann sé sin iallach ar an gcúirt tosca airgeadais pearsanta an duine a chur san áireamh sula gcinnteoidh sí méid na fíneála, nó fíneáil ar bith a ghearradh.

Ba é 4,290 an meánlíon laethúil príosúnach faoi choimeád i 2010 – méadú de 40 (nó 10.5%) ar líon 2009 de 3,881. Ba é 157 meánlíon na gciontóirí baineanacha faoi choimeád, méadú de 25 nó 19% ar leibhéal 2009 (132). Bhí an chuid is mó de na príosúin lán go doras nó líonta thar fóir i 2010.

Costas spásanna príosúin a sholáthar

Ba é €70,513 an meánchostas a ghabh le spás príosúin a sholáthar i 2010 (€77,222 i 2009), laghdú de €6,709 nó 8.7% ar an gcostas i 2009. Éiríonn an laghdú seo ar an meánchostas as isliú sa chaiteachas agus méadú i soláthar líon leapacha.

Clár Tógála Príosún

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2010 maidir le feidhmiú an chláir thógála príosún. Is é an tionscnamh is ardaidhmí sa chlár seo, ar ndóigh, príosún nua a thógáil ag Halla Bhaile na Sceach i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath le dul in áit an ceithre phríosún i gCampas Mhuinseo.

Grúpa Athbhreithne Phríosún Bhaile na Sceach

Tá coiste bunaithe ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hathbhreithniú a dhéanamh ar Thionscnamh Halla Bhaile na Sceach de réir an ghealltanais i gClár an Rialtais um Théarnamh Náisiúnta.

Deir an Clár don Rialtas: “déanfaimid athbhreithniú ar an togra príosún nua a bhunú ag Halla Bhaile na Sceach agus cuirfimid san áireamh malairt tograí, más ann dóibh, leis an costais nár thit ar an Stat fós ag éirí as príosún nua dá leithéid a thógáil.”

Tá an cúram curtha ar an gcoiste ceathrair, inter alia, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le cóiríocht nua agus comhairle a thabhairt faoi 1 Iúil 2011 ar cheart don obair ag Baile na Sceach dul ar aghaidh.

Cuirfidh an coiste seo réimse leathan de thosca san áireamh, ar a mbeidh líon na bpríosúnach faoi láthair agus amach anseo, an gá atá ann le go mbeidh stoc leordhóthain ann le teacht le caighdeáin riachtanacha ag cur san áireamh go háirithe, séarachas cillín, áiseanna athshlánaithe, oideachais agus oiliúna oibre leordhóthain do phríosúnaigh chomh maith le héascú a dhéanamh ar theagmháil lena muintir agus caighdeáin atá aitheanta ag Cigire na bPríosún agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, an obair atá déanta cheana féin maidir le Baile na Sceach agus caiteachas a ghabhann leis sin, tuairimí na bpáirtithe leasmhara, gníomhaireachtaí neamhrialtais ina measc, agus na laincísí eacnamaíochta atá ar an Stát.

Spásanna príosúin breise

Seoladh bloc cóiríochta nua i gCruithneachtán i lár 2010 atá tar éis 200 spás a chur ar fáil. Ta cíoith, séarachas iomlán i-gcillín, córas aisréadóra, teilifiseáin agus córais ghlaonna éigeandála.

Tá an tógáil ar bun ar an mbloc cóiríochta nua ag an bpríosún Láir Tíre. Is é atá sna hoibreacha dearadh agus tógáil eite nua phríosúin le cóiríocht a chur ar fáil do 179 cillín, ina mbeidh féidearthacht ann do 300 spás. Tosaíodh ar an tógáil i mí na Nollag 2010 agus tá sé i gceist go mbeidh an bloc nua coimisiúnaithe go hiomlán faoi lár 2010.

Dámhadh conradh go déanach i 2010 le go soláthrófaí 70 spás suanleasa do na príosúnaigh bhaineannacha san Ionad Dóchas taobh istigh de champas Mhuinseo. Meastar go gcríochnófar an tionscnamh seo faoi dheireadh Iúil 2011.

Chomh maith leis sin, tá Seirbhis Phríosúin na hÉireann tar éis iarracht a dhéanamh cillíní nach n-úsáidtear a aithint in eastát na bpríosún a thabhrfaidh spásanna breise do phríosúnaigh nuair a athchoimisiúnófar iad. Tá séarachas i-gcillín i ngach ceann de na cillíní athchoimisiúnaithe. Go dtí seo ta 30 cillín in Aonad Scarúna Phríosún Mhuinseo mar thoradh ar an tionscnamh seo, ag tabhairt spáis do 56 príosúnach, agus 14 cillín eile in eite bhaineannach Phríosún Luimnigh.

Faoi láthair, tá tionscnamh athmhaisithe faoi sheol in íoslach eite-C i bPríosún Mhuinseo a mbeidh sé mar thoradh air go dtiocfaidh 36 cillín nach rabhthas ag baint leasa astu roimhe seo ar ais in úsáid faoi lár 2011. Beidh na cillíní seo in úsáid mar ionad tiomnaithe cimithe. De réir an tionscnaimh seo tabharfar isteach leithris sruthlaithe agus báisíní níocháin i ngach cillín in iomlán eite-C Mhuinseo.

Cigire na bPríosún

Le linn 2010 foilsíodh ceithre thuarascáil ó Chigire na bPríosún. Ba iad siúd an Tuarascáil Bhliantúil ón gCigire ag cuimsiú na tréimhse 15 Marta 2009 go 10 Meán Fómhair 2010,

“The Irish Prison Population – an examination of duties and obligations owed to prisoners”, “Use of ‘Special Cell’ in Irish Prisons” agus “Guidance on Best Practice relating to prisoners complaints and prison discipline”. Déanann an cigire roinnt moltaí i ngach tuarascáil. Cuirtear na moltaí seo i bhfeidhm nuair a thugtar isteach tionscnaimh nua, leasú ar nósanna imeachta caighdeánacha nó ag cur athruithe i bhfeidhm do na Rialacha Príosún atá ann faoi láthair.

Tá Rialacha na bPríosún á leasú i gcomhthéacs mholtai an Chigire: sa chéad áit, le fiosrú breise a cheadú i gcásanna ina mbíonn líomhain d'ionsaí tromchúiseach nó cion coiriúil; sa dara hait, maidir le húsáid cillíní speisialta breathnóireachta; agus sa trí hait, nuair a bhíonn bás duine faoi choimeád i gceist. Tá sé i gceist freisin suathantais aitheantais a thabhairt isteach don bhfoireann, ag éirí as moladh ón gCigire.

Bíodh is go bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag iarraidh an-chuid de mholtaí an chigire a chur i bhfeidhm, tá moltaí áirithe ann, ar nós deireadh a chur leis an gcleachtas na fualáin a fholmhú, agus an plódú a dhíothú, a ghlacfaidh fad lena bhfeidhmiú go hiomlán. Mar sin féin, d'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach leanfaidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann le feabhsú agus nua-aimsearú ar eastát na bpríosún ag brath ar lainsisí buiséid.

Ráiteas Straitéise 2011 – 2013

Cuimsítear sa Tuarascáil na Táscairí ar Ghníomhartha agus Dul chun Cinn don tSeirbhís Phríosúin do na blianta 2011 go 2013. Sonrófar an dul chun cinn maidir leo seo i dTuarascála Bliantúla amach anseo. Tá seachadadh na ngníomhartha seo ag brath, ar ndóigh, ar na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil.

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014

Tar éis idirbheartaíochta go luath i 2010 thángthas ar chomhaontú idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus ionadaithe foirne maidir le clár trasfhoirmithe don tseirbhís phríosúin. Rinneadh an comhaontú seo mar chuid de Chomhaontú foriomlán na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014.

Tá sé leagtha amach sa Chomhaontú go ndéanfaidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann coigealtais bhliantúla de €21 milliún ar chostais phá na bpríosún. Ní bheidh an coigealtas iomlán indéanta ar bhonn bliantúil go dtí go mbeidh an clár riachtanach trasfhoirmithe i gcrích agus i bhfeidhm go hiomlán. Bíodh is go nglacfaidh sé tamall de bhlianta sula mbeidh an clár trasfhoirmithe i bhfeidhm go hiomlán bainfear leas as na coigealtais tosaigh sa chéad áit le tacú le seoladh cóiríochta nua do phríosúnaigh agus ina dhiaidh sin le coigealtais a chur ar fáil don Stáitchiste.

Foilseofar Plean Feidhmithe, a ndéanfar monatóireacht neamhspleách air, go luath i 2011 agus beidh idir bhainistíocht agus cheardchumann i gcomhar lena chéile gafa le hAthbhreithniú Tascanna, croílár an chomhaontaithe, ina ndéanfar gach gné agus oibriúchán de chuid chóras na bpríosún a scrúdú. Tabharfar an t-athbhreithniú seo chun críche le linn 2011 agus tugann leibhéal páirtíochta agus tiomantais thaobh an cheardchumainn uchtach dom

Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bainisteoireacht agus Foireann Sheirbhís Phríosún na hÉireann as a dtiomnacht agus gairmiúlacht leanúnach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire, Ard-Rúnaí na Roinne agus a fhoireann uile, go háirithe i Rannóg na bPríosún agus Pholasaí Promhaidh, as a gcúnamh agus tacaíocht. .

I ndeireadh thiar thall ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus Baili Bhord Eadramhach an Údaráis Phríosúin as a dtacaíocht agus a dtiomnacht don tSeirbhís Phríosúin.

Brian Purcell
Ard-Stiúrthóir

Forbhreathnú – spléachadh ar staidreamh 2010

Bhí 17,179 cimithe go príosún i 2010, méadú de 11.4% ar an iomlán de 15,425 i 2009 a raibh ansin méadú de 13.8% ar an iomlán i 2008.

Cuireadh 13,758 duine go príosún i 2009 i gcomparáid le 12,339 i 2009, rud arb ionann agus méadú 11.5%. Astu siúd bhí 87.6% fireann agus 12.4% baineann.

Cimithe le linn 2010

- Bhí méadú de 1,622 nó 14.9% sa líon daoine a cimíodh go príosún faoi phianbhreith i 2010 (12,487) thar 2009 (10,865).
- Bhí laghdú de 37.1% ar líon na bpríosúnach ag cur isteach 10 mbliana nó níos mó ó 70 i 2009 go 44 in 2010.
- Bhí laghdú de 10.4% i líon na bpríosúnach a bhí ag cur isteach pianbhreitheanna sa chatagóir 3 go 5 bliana thar an líon i 2009 (469 i 2009 go 420 i 2010).
- Bhí méadú de 27.9% beagnach ar chimithe faoi phianbhreitheanna níos lú ná 3 mhí thar an líon i 2009, i.e., ó 5,750 go 7,356.

Daoine faoi choinneáil faoi dhlíthe inimirce

Bhí 479 cimithe i 2010 ag eascairt as ceisteanna inimirce agus bhí 459 coinneálaí san áireamh. Is ionann sin agus laghdú 31.4% ar an 669 duine a cimíodh i 2009. Ba é 11 duine an meánlíon laethúil daoine a bhí faoi choinneáil sa chatagóir seo.

Alaghraf de dhaonra na bpríosún ar 30 Samhain 2010

- Is ionann líon na ndaoine faoi choimeád (4,440) agus méadú de 9.9% beagnach ar an gcomhionann d'fhigiúir i 2009 (4,040).
- Bhí 286 príosúnach (7.7%) ag cur isteach pianbhreitheanna saoil agus 285 eile (7.7% freisin) ag cur isteach pianbhreitheanna cinntithe de 10 blianta nó níos mó.

- Bhí líon na ndaoine ag cur isteach pianbhreitheanna as cionta drugaí (760) 34% níos airde ná mar a bhí i 2008 (567).

- Bhí 38 ciontóir ag cur isteach pianbhreitheanna de níos lú ná 3 mhí rud arbh ionann agus 1% de líon na bpríosunach. Bhí 15 duine i bpríosún as neamh-íocaíocht fineálacha rud arb ionann agus 0.3% d'iomlán na bpríosunach faoi coimeád.

* Saoránaigh Éireannacha a bhí i 89.3% d'iomlán na ndaoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 30 Samhain 2010.

Costas soláthair spásanna príosúin

Ba é €70,513 an meánchostas ar spás príosúin a chur ar fáil i 2010 (€77,222 i 2009), laghdú de €6,709 nó 8.7% ar an gcostas de i 2009 . Is toradh é an laghdú seo ar an meánchostas ar chaiteachas níos lú agus méadú ar sholáthar leapacha. Is iad seo a leanas na figiúirí ábhartha:

* laghdú de €20.7 milliún ar an gcaiteachas iomlán thar figiúirí 2009; agus

* méadú de 97 ar líon na leapacha ó 4,106 mar a bhí ar 31 Nollaig 2009 go 4,203 i 2010.

Ráiteas Straitéise 2011 – 2013

Gníomhartha:

- Feidhmiú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014, coigealtas de €21 milliún i gcostais phárolla Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a bhaint amach i dtréimhse an chomhaontaithe.
- Leanúint ar aghaidh leis an gclár infheistíochta i mbonneagar na bpríosún ag cur san áireamh nua-aimsearú an eastáit mar atá sé agus soláthar spásanna príosúin breise araon.
- Forbairt leanúnach ar Bhainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna (ISM) agus a feidhmiú.
- Feidhmiú leanúnach ar Straitéis Drugaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann – *Keeping Drugs Out of Prisons* – agus díriú leanúnach ar dhíothú an tsoláthair agus feabhsú ar na roghanna cóireála atá ar fáil faoi láthair.

Táscairí ar Dhul chun Cinn:

- Seachadadh fíoraithe ar na coigealtais atá de dhíth faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 trí, inter alia,:
 - An t-athbhreithniú ar gach post agus tasc taobh istigh den tseirbhís phríosúin a chríochnófar faoi dheireadh 2011.
 - bunú gráid nua riaracháin phríosúin.
- Forbairt ar phríosún nua ag dul ar aghaidh de réir sceidil ag cur san áireamh seoladh bloc nua 300 spás sa Phríosún Láir Tíre le linn 2010.
- Tairiscint páirtíochta in ISM do gach príosúnach nua-chimithe faoi phianbhreith (pianbhreith 1+ de bhlianta)..
- Feabhsú leanúnach agus forleathnú ar chóireáil speisialaithe i ngach príosún ina bhfuil éileamh mór ar sheirbhísí cóireála drugaí in éindí le neartú leanúnach ar bhearta a bhfuil sé mar chuspóir acu gáinneáil drugaí chuig príosúnaigh a chloí.

Caibidil 1

Ráiteas Misin

Is é is misean do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann daoine a chuirtear go príosún a choimeád slán sábháilte ar bhonn daonnachtúil. Tá an tseirbhís tiomanta do bhainistiú pianbhreitheanna coimeáda ar bhealach a spreagann na príosúnaigh ina n-iarrachtaí saol a bheith acu a mbeadh cuspóir leis, go mbeidís géilliúil don dlí agus ina mbaill fhiúntacha den tsochaí, agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

An Eagraíocht

Tá an fhreagracht pholaitiúil as an gcóras príosúin in Éirinn dílsithe san Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Feidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar ghníomhaireacht fheidhmeannachta taobh istigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Tá Ard-Stiúrthóir i gceannas agus tacaíocht aige ó 7 Stiúrthóirí. Cuireann Bord eatramhach neamhfheidhmiúcháin Údarás na bPríosúin comhairle agus treoir ar fáil maidir le bainistiú an chórais phríosúin.

Bíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag plé le ciontóirí fireannacha atá in aois a 16 nó níos sine agus ciontóirí baineanacha atá in aois a 17 nó níos sine.

Riaraítear Seirbhís Phríosúin na hÉireann go lárnach agus tá a ceannáras suite i mbaile an Longfoirt.

Buiséad agus Soláthar Foirne

Ba é €352.115 an buiséad bliantúil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2010.

Ag deireadh 2010 bhí foireann de 3,522 i Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag cur san áireamh gráid shibhialta agus foireann ceannárais.

Creat Reachtúil

Feidhmíonn an tSeirbhís Phríosúin taobh istigh de chreat reachtúil ar a bhfuil:

na hAchtanna Príosúin, an ceann is déanaí, Acht na bPríosúin 2007 san áireamh, forálacha ábhartha i reachtanna eile, ar nós Acht na bPríosúin (Coistí Cuairtíochta), 1925, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1960, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Éagsúla), 1997, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007, achtanna eile um cheartas coiriúil agus na hAchtanna um Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, 1995 agus 1997 agus

Rialacha um Rialú na bPríosúin, 2007.

Maidir le daoine a choimeádtar ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce is iad na príomhfhorálacha reachtúla na hAchtanna Inimirce 1999, 2003 agus 2004, na rialacháin a ghabhann leo, an tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil) 2000 agus Acht na nDídeanaithe 1996.

Tugann an tSeirbhís Phríosúin aird chuí freisin ar Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe agus na hEorpa um Chearta an Duine, Rialacha Caighdeánacha Íosta na Náisiún Aontaithe faoi Chóireáil Príosúnach, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pianóis eile atá Cruálach, Mídhonna nó Táireach, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chosc ar

Chéastóireacht agus ar Íde nó Pianóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach.

Bunluachanna

Maidir leis an tSeirbhís Phríosúin:

- * Aithníonn sí a dualgas freastal ar an bpobal le meas iomlán ar dhínt dhaonna agus cearta an uile dhuine, bíodh sé/sí faoi choimeád nó sa phobal mór
- * Aithníonn sí go bhfuil dualgas uirthi cuidiú le gach ciontóir maireachtáil mar dhuine atá géilliúil don dlí agus gur féidir leis an tSeirbhís cur lena lánacmhainneacht a bhaint amach
- * Creideann sí go mba cheart a chur ar fáil don uile dhuine faoi choimeád tosca agus seirbhísí a bheas cuí dá leas agus dá bhforás pearsanta
- * Tá sí tiomanta do mhaolú a dhéanamh ar thorthaí díobháileacha na príosúnachta
- * Déanann sí iarracht cuidiú le príosúnaigh, sa mhéid agus is féidir agus is cuí, caidreamh a choinneáil lena muintir
- * Tá meas aici ar na hacmhainní atá ar fáil di, go háirithe an fhoireann ar fad atá ag obair sa chóras príosúin arb iad an sochar is tábhachtaí i gcomhlíonadh mhisean na Seirbhíse
- * Tá sí tiomanta do bheith cúirtéiseach agus cothrom ina beartaíocht uile
- * Glacann sí leis go bhfuil sí freagrach as a gníomhartha agus déanann sí iarracht an fhreagracht sin a léiriú go poiblí.

Príosúin na hÉireann

Tá 14 institiúid i gcóras príosúin na hÉireann ina bhfuil 11 insitiúid "iata" thraidisiúnta, dhá ionad oscailte, a fheidhmíonn le slándáil íosta inmheánach agus imlíneach, agus saoráid "leathoscailte" amháin le slándáil imlíneach traidisiúnta ach slándáil inmheánach íosta (an tAonad Oiliúna). Tá tromlach na bPríosúnach baineann faoi choimeád san Ionad Dóchais agus an chuid eile acu i bPríosún Luimnigh.

<p>Príosún Mhuinseo An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8062800 Faics: 01 8062824</p> <p>Gobharnóir: Mr Edward Whelan</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 630</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún Mhuinseo d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príomhphríosún cimithe do chathair agus contae Bhaile Átha Cliath é.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 667 an meánlíon laethúil faoi choimeád i 2010.</p>	<p>An tIonad Dóchais An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8858987 Faics: 01 8858910</p> <p>Gobharnóir: Ms Mary O'Connor</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 105</p> <p>Príosún iata, meánslándála é an tIonad Dóchais do bhaineannaigh in aois a 18 nó níos sine. Is é an príomhphríosún cimithe é do bhaineannaigh ar athchur nó faoi phianbhreith ó gach cúirt taobh amuigh de cheantar na Mumhan.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 131 an meánlíon laethúil faoi choimeád i 2010.</p>
--	--

<p>Foras Naomh Pádraig An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8062896 Faics: 01 8307705</p> <p>Gobharnóir: Mr Hector McLennon</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 217</p> <p>Ionad coinneála iata, meánslándála é Foras Naomh Pádraig d'fhireannaigh 16 go 21 bliana d'aois agus tugann sé cóiríocht do phríosúnaigh athchurtha agus faoi phianbhreith araon.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 214 an meánlín laethúil i 2010.</p>	<p>Príosún Chorcaí Bóthar an Ráth Mhóir Cathair Chorcaí Teil: 021 4518800 Faics: 021 4518860</p> <p>Gobharnóir: Mr James Collins</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 272</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún Chorcaí d'fhireannaigh in aois a 18 nó níos sine. Is é an príosún cimithe é do na contaetha, Corcaigh, Ciarraí agus Port Láirge.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 303 an meánlín laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2010.</p>
<p>Príosún Luimnigh Sráid Mulgrave Luimneach Teil: 061 204700 Faics: 061 415116</p> <p>Gobharnóir: Mr Tadhg O'Riordan</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 290 (fireannaigh) agus 34 (baineannaigh)</p> <p>Príosún iata meánslándála é Príosún Luimnigh d'fhireannaigh agus baineannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe é d'fhireannaigh ó na contaetha, An Clár, Luimneach agus Tiobraid Árann agus do bhaineannaigh ón sé chontae sa Mhumhain.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 307 fireannach agus 26 baineannach meánlín laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2010.</p>	<p>Príosún an Chaisleáin Riabhaigh Cluain Salach An Caisleán Riabhach Co Ros Comáin Teil: 094 96 25213 Faics: 094 96 26226</p> <p>Gobharnóir: Mr Martin Reilly</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 351</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún an Chaisleáin Riabhaigh d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe do phríosúnaigh chimithe agus faoi phianbhreith i gConnachta agus glacann sé freisin le cimithe ó na contaetha, An Cabhán, Dún na nGall agus An Longfort.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 378 meánlín laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2010.</p>
<p>Príosún Chnoc Seimre Bóthar Chnoc Seimre Cluain Dolcáin Baile Átha Cliath 22 Teil: 01 6304530 / 01 6304531</p>	<p>Príosún an Chruithneachtáin Bóthar Chnoc Seimre Cluain Dolcáin Baile Átha Cliath 22 Teil: 01 6209400</p>

<p>Faics: 01 6304580</p> <p>Gobharnóir: Mr Sean Quigley</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 431</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún Chnoc Seimre d'fhireannaigh in aois a 17 agus níos sine agus is iad a bhíonn ann go príomha príosúnaigh ar athchur atá cimithe ó cheantar Laighean.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 465 an meánlín laethúil de dhaoine i gcoimeád i 2010.</p>	<p>Faics: 01 6209430</p> <p>Gobharnóir: Mr William Connolly</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 650</p> <p>Príosún iata, meánslándála é Príosún an Chruithneachtáin d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe e do na contaetha, Lú, An Mhí, Muineachán, Loch Garman agus Cill Mhantáin agus is é an institiúid phianósach is mó sa Stát.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é an meánlín laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2010 ná 495.</p>
<p>Príosún Phort Laoise Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Co Laoise Teil: 057 86 21318 Faics: 057 86 20997</p> <p>Gobharnóir: Mr William Connolly</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 359</p> <p>Príosún iata, ardslándála é Príosún Phort Laoise d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe é doibh siúd a chuireann an Chúirt Choiriúil Speisailta faoi choimeád agus ar na príosúnaigh a choinnítear anseo tá daoine a bhí nasctha le coiriúlacht threasrach.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 263 an meánlín laethúil de dhaoine a bhí faoi choimeád i 2010.</p>	<p>Príosún Chnoc an Arbhair Cnoc an Arbhair Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 6719333 Faics: 01 6799518</p> <p>Gobharnóir: Mr Liam Dowling</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 148</p> <p>Príosún iata, meánslándála é d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Ar an iomlán is príosúnaigh faoi phianbhreitheanna fada iad.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 153 an meánlín laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2010.</p>
<p>An tAonad Oiliúna Paráid Ghleann Garbh An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8062890 Faics: 01 8307460</p> <p>Gobharnóir: Mr Declan Murphy</p>	<p>An Príosún Láir Tíre Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Co Laoise Teil: 057 86 72110 / 72100 Faics: 057 86 72219</p> <p>Gobharnóir: Mr Colm Barclay</p>

<p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 107</p> <p>Príosún leathoscailte, íos-slándála é An tAonad Oiliúna d'fhireannaigh in aois a 18 nó níos sine, le béim mhór ar obair agus oiliúint.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 113 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2010.</p>	<p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 566</p> <p>Is príosún iata, meánslándála é an Príosún Láir Tíre d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe é do na contaetha, Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 542 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2010.</p>
<p>Teach an Locháin Ionad Oscailte Teach an Locháin An Blaic Co an Chabháin Teil: 071 9853059 Faics: 071 9853234</p> <p>Gobharnóir: Mr Patrick Kavanagh</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 160</p> <p>Príosún oscailte, íos-slándála é Teach an Locháin d'fhireannaigh in aois a 18 nó níos sine a meastar go n-oireann leibhéil níos ísle slándála dóibh.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 134 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2010.</p>	<p>Teach na gCanónach An tInbhear Mór Co Chill Mhantáin Teil: 0402 32140 Faics: 0402 39924</p> <p>Gobharnóir: Mr Michael Lawton</p> <p>Acmhainn Feidhmiúcháin: 110</p> <p>Príosún oscailte, íos-slándála é Teach na gCanónach d'fhireannaigh in aois a 19 nó níos sine a meastar go n-oireann leibhéil níos ísle slándála dóibh.</p> <p>Daonra na bPríosúnach: Ba é 99 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2010.</p>

Caibidil 2

Coimeád na bPríosúnach

Daonra na bpríosún ar lá amháin

Is dócha gurb í próifíl na bpríosún ar aon lá ar leith an slat tomhais is fearr ar phróifíl na bpríosúnach atá sa chóras.

Ar 30 Nollaig 2010, bhí iomlán de 4,040 i ndaonra na bpríosún, ar a raibh:

Faoi phianbhreith	3,721
Ar Athchur/Ag Fanacht ar Thriail/Eile	709
Inimirce	10

Is ionann an líon daoine faoi choimeád (4,440) agus méadú beagnach 9.9% ar a chomhionann de líon i 2009 (4,440).

San iomlán seo bhí 368 ciontóirí faoi phianbhreitheanna do dhúnmharú agus 69 do dhúnorgain agus 26 do thiomáint dhainséarach a raibh an bás mar thoradh uirthi. Bhí 852 ciontóirí i gceist maidir le cionta drugaí agus 71 maidir le cionta tráchtá bóthair.

Bhí 286 príosúnach faoi phianóis saoil (7.7%) agus 285% eile (7.7% arís) faoi phianbhreitheanna cinnte de dheich mbliain nó níos faide.

Maidir le príosúnaigh a bhí ag fulaingt pianbhreitheanna níos gaire, bhí 38 ciontóirí faoi phianbhreitheanna de níos lú ná 3 mhí arbh ionann iad agus níos lú ná 1% de dhaonra na bpríosún. Bhí 15 duine i bpríosún de bharr neamhíocaíocht fíneálacha, arbh ionann iad agus 0.3% de dhaonra iomlán na bpríosún.

Maidir le náisúntacht de, ba Éireannaigh iad 89.3% d'iomlán na ndaoine faoi choimeád faoi dhaorbhreith ar 30 Samhain 2010.

Tábla 2.1: Próifíl Phianbhreithe na bPríosúnach faoi choimeád ar 30 Samhain 2010:

	Baineannach	Fireannach	Iomlán
<3 Mhí	4	34	38
3 to <6 Mhí	17	142	159
6 to <12 Mhí	24	349	373
1 to <2 Bhliain	20	432	452
2 to <3 Bliana	12	391	403
3 to <5 Bliana	32	784	816
5 to <10 Bliana	20	889	909
10+ Bliana	4	281	285
Pianós Saoil	5	281	286
Iomlán	138	3,583	3,721

I 2010 rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann athrangú ar na grúpaí cionta faoina ndéantar ciontaithe príosúnach a thaifeadadh. Cuirtear staidreamh Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le chéile anois ar bhonn na ngrúpaí cionta céanna agus a bhíonn in úsáid ag An Garda Síochána, An Lároifig Staidrimh, An tSeirbhís Chúirteanna agus an tSeirbhís Phromhaidh.

Tábla 2.2: Próifíl Chionta na bPríosúnach faoi choimeád faoi phianbhreith ar 30 Samhain 2010

		Baineannach	Fireannach	Iomlán
01	Cionta Dúnbhásaithe	9	359	368
02	Cionta Gnéasacha	1	309	310
03	Iarrachtaí/Bagairt ar Dhúnmharú, Ionsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	21	434	455
04	Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha	4	106	110
05	Fuadach agus Cionta Gaolmhara		34	34
06	Robáil, Sracaireacht & Cionta Urghabhála	1	88	89
07	Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	9	326	335
08	Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	46	605	651
09	Calaois, Dallamullóg & Cionta Gaolmhara	1	36	37
10	Cionta um Dhrugaí Rialaithe	32	820	852
11	Cionta um Armnáin & Phléascáin	1	208	209
12	Cionta um Dhamáiste do Shealús & don Chomhshaoil	2	94	96
13	Cionta um Ord Poiblí & Chóid Shóisialta Eile	1	48	49
14	Cionta Bóthair agus Tráchta	3	68	71
15	Cionta Rialtais, um Nósanna Imeachta Ceartais & um Choiriúlacht Eagraithe	6	41	47
16	Cionta nach rangaítear faoi theideal eile	1	7	8
	Iomlán	138	3,583	3,721

Tábla 2.3: Daoine faoi choimeád ar 30 Samhain 2010 – Cionta rangaithe de réir fad pianbhreithe

	<3 Mhí	3 to <6 Mhí	6 to <12 Mhí	1 to <2 Bhliain	2 to <3 Bliana	3 to <5 Bliana	5 to <10 mBl	10+ Blianta	Saol	Iomlán
01 Cionta Dúnbhásaithe	-	-	-	7	3	9	57	22	270	368
02 Cionta Gnéasacha	-	4	5	10	28	56	120	75	12	310
03 Iarrachtaí/Bagairt ar Dhúnmharú, Ionsuithe, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	2	18	42	87	84	135	71	13	3	455
04 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha	5	9	25	29	10	25	5	2	-	110
05 Fuadach agus Cionta Gaolmhara	-	-	-	1	3	6	15	9	-	34
06 Robáil, Sracaireacht & Cionta Urghabhála	-	1	4	13	15	24	22	11	-	90
07 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	1	11	48	78	53	82	52	9	-	334
08 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	2	39	117	116	88	164	121	3	1	651
09 Calaois, Dallamullóg & Cionta Gaolmhara	1	2	11	8	6	3	4	2	-	37
10 Cionta um Dhrugaí Rialaithe	-	16	33	32	78	232	345	116	-	852
11 Cionta um Armnáin agus Pléascáin	1	3	22	18	17	47	81	20	-	209
12 Cionta um Dhamáiste do Shealús & don Chomhshaoil	1	7	20	24	11	20	11	2	-	96
13 Cionta um Ord Poiblí & Chóid Shóisialta Eile	11	14	14	6	2	2	-	-	-	49
14 Cionta Bóthair agus Tráchta	7	23	25	12	2	2	-	-	-	71
15 Cionta Rialtais, um Nósanna Imeachta Ceartais & um Choiriúlacht Eagraithe	5	11	7	10	2	7	4	1	-	47
16 Cionta nach rangaítear faoi theideal eile	2	1	-	1	1	2	1	-	-	8
Iomlán	38	159	373	452	403	816	909	285	286	3,721

Tábla 2.4: Aoisphróifil na bpríosúnach faoi choimeád faoi phianbhreith ar 30 Samhain 2010:

	Baineannach	Fireannach	Iomlán
16	-	2	2
17	-	21	21
18 go < 21	5	289	294
21 go < 25	38	699	737
25 go < 30	30	785	815
30 go < 40	41	1,053	1,094
40 go < 50	19	475	494
50+	5	259	264
Iomlán	138	3,583	3,721

Tábla 2.5: Náisiúntacht daoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 30 Samhain 2010

	Baineannach	Fireannach	Iomlán
Éireannach	116	3,208	3,324
An Ríocht Aontaithe	4	73	77
AE	8	190	198
Eorpaigh Eile	-	20	20
Afracach	6	55	61
Astráláiseach	-	1	1
Áiseach	2	22	24
Meiriceánach Láir/Theas	2	8	10
Meiriceánach Thuaidh	-	6	6
Iomlán	138	3,583	3,721

Tábla 2.6: Daoine faoi choimeád as ucht cionta Fiach nó Loiceadh ar Fhíneáil ar 30 Samhain 2010

	Baineannach	Fireannach	Iomlán
Fiachóir	0	0	0
Pianbhreith Fhíneála	1	14	15
Iomlán	1	14	15

Líon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád

Bhí an chuid ba mhó de na príosuin lán nó líonta thar fóir i 2010. Bá é 4,290 meánlíon na bpríosúnach faoi choimeád ar bhonn laethúil.

Tábla 2.7: Meánlíon na bpríosúnach in aghaidh na hinstiúide i 2010:

Institiúid	Meánspás leapacha	Meánlíon faoi choimeád	% Spás leapacha	Ar Scaoileadh Sealadach	Ar Athchur/Triail
Cnoc an Arbhair	148	153	103	1	1
An Caisleán Riabhach	351	378	108	40	51
Cnoc Seimre	431	465	108	13	391
Corcaigh	272	303	111	124	39
Luimneach (bn)	22	26	118	25	5
Luimneach (fr)	290	307	106	61	49
An Lochán	155	134	86	40	0
Lár Tíre	541	542	100	42	11
Dóchas	95	131	138	73	30
Muinseo	610	667	109	193	7
Port Laoise	370	263	71	10	10
Teach na gCanónach Naomh Pádraig	105	99	94	17	0
Ionad Oiliúna Cruithneachtá n	217	214	99	16	37
	107	113	106	19	0
	489	495	101	58	16
Iomlán	4,203	4,290	102	732	647

- Ba é 4,290 meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád i 2010 i gcomparáid le 3,881 i 2008
- Ba é 157 meánlíon na gciontóirí bainneannacha faoi choimeád i 2010 i gcomparáid le 132 i 2008.

Tábla 2.8: Meániomláin laethiúla 2005 go 2010

	Spás leapacha	Meánlíon faoi choimeád	% Spás leapacha	Ar Scaoileadh Sealadach
2005	3,356	3,151	94	164
2006	3,356	3,191	95	140
2007	3,501	3,321	95	153
2008	3,581	3,544	99	273
2009	4,106	3,881	95	535
2010	4,203	4,290	102	732

CIMITHE

Líon na gcimithe go príósún i 2010

Bhí iomlán de 17,179 cimithe go príósún i 2010. Bhain an 17,179 cimithe le 13,758 duine. D'fhéadfadh duine a bheith cimithe níos mó ná uair amháin dá gcimeofaí é/í níos mó ná uair amháin sa bhliain.

B'ionann an t-iomlán de 17,179 cimithe go príósún i gcomparáid le 15,425 i 2009, agus méadú de 11.4%.

Ar an iomlán de 17,179 bhí:

- 11,861 cimithe faoi phianbhreith,
- 4,836 cimithe ar athchur,
- 479 cimithe faoi dhlí na hinimirce agus
- 3 cimithe le haghaidh díspeagadh cúirte

Tábla 2.9: Cimithe go Príosún 2001 go 2010

Bliain	Iomlán	Athrú ón mbliain roimh ré %	Líon daoine	Athrú ón mbliain roimh ré %	Fireannach	Baineannach
2001	12,127		9,539		8,616	923
2002	11,860	-2.2	9,716	+1.9	8,673	1,043
2003	11,775	-0.7	9,814	+1	8,669	1,145
2004	10,657	-9.5	8,820	-10.1	7,914	906
2005	10,658	0	8,686	-1.5	7,780	906
2006	12,157	14.1	9,700	+11.7	8,740	960
2007	11,934	-1.8	9,711	+0.1	8,556	1,155
2008	13,557	13.6	10,928	+12.5	9,703	1,225
2009	15,425	13.8	12,339	+12.9	10,880	1,459
2010	17,179	11.4	13,758	+11.5	12,057	1,701

Líon na ndaoine a cimíodh go príósún i 2010

Bhí iomlán de 13,758 duine i gceist sna 17,179 cimithe. Baineann an figiúr seo le daoine a bhí nua-chimithe go príósún (i.e. nach raibh cheana féin ar athchur nó ag cur pianbhreith eile isteach. Is ionann é sin agus méadú de 11.5% ar an iomlán de 12,339 duine i 2009.

Aois agus Inscne na ndaoine a cimíodh go príósún i 2009

Ba é an céatadan de réir inscne daoine a cimíodh i 2010 87.6% d'fhireannaigh agus 12.4% de bhaineannaigh i gcomparáid le na figiúir i 2009, 88.2% d'fhireannaigh agus 11.8% de bhaineannaigh.

Tábla 2.10: Aois agus inscne daoine a cimíodh go príosún i 2010

Aois (Blianta)	Baineannach	Fireannach	Iomlán	%
16	-	74	74	0.5
17	2	145	147	1.1
18 to < 21	151	1,430	1,581	11.5
21 to < 25	344	2,446	2,790	20.3
25 to < 30	387	2,592	2,979	21.7
30 to < 40	519	3,288	3,807	27.7
40 to < 50	228	1,434	1,662	12.1
50+	70	648	718	5.2
Iomlán	1,701	12,057	13,758	
%	12.4	87.6		

Contae agus Tír Dhúchais

Luaigh breis agus trian (35%) de na daoine ar fad a cimíodh Baile Átha Cliath mar a gcontae cónaithe. Ba iad Corcaigh le 11.4%, Luimneach le 7.2% agus Gaillimh le 3.9% na contaetha ba mhó a luadh ina dhiaidh sin.

Astu siúd ba Éireannaigh iad 10,702 (77.8%) den iomlán (13,758) arbh ionann é agus méadú de 1,372 nó 14.7% ar a chomhionann d'fhigiúir i 2009, is é sin 9,330.

Ba shaoránaigh de bhallstáit den Aontas Eorpach (seachas Éireannaigh) 1,777 (12.9%) de na daoine a cimíodh. Eorpaigh eile a bhí i 200 (1.5%), saoránaigh Afracacha 527 (3.8%), saoránaigh Áiseacha 419 (3%) agus tháinig 97 (0.7%) ó Mheiriceá Láir agus Theas. Feach an Tábla thíos le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tábla 2.11: Náisiúntacht luaite ag daoine a cimíodh i 2009 & 2010

Grúpa Náisiúntachta	2009 Iomlán	%	2010 Iomlán	%
Éireannaigh	9,330	75.6	10,702	77.8
An Ríocht Aontaithe	251	2.0	284	2.1
AE	1,384	11.2	1,493	10.9
Eorpaigh Eile	218	1.8	200	1.5
Afracaigh	587	4.8	527	3.8
Áisigh	390	3.2	419	3.0
Ástráláisigh	6	0.0	3	0.0
Meiriceánaigh Láir/Theas	121	1.0	97	0.7
Meiriceánaigh Thuaidh	20	0.2	18	0.1
Gan taifead	32	0.3	15	0.1
Iomlán	12,339	100.0	13,758	100.0
Iomlán AE (Éire san áireamh)	10,965	88.9	12,479	90.7
AE Eile (An Ríocht Aontaithe san áireamh)	1,635	13.3	1,777	12.9

* Tá mionchuntas de réir tíortha cónaithe ar fáil ar ár suíomh idirlín: www.irishprisons.ie

Cimithe faoi phianbhreith

Bhí 11,861 cimithe díreach faoi phianbhreith i 2010. Nuair a chuirtear leis sin 626 príosúnach, a bhí faoi choimeád cheana féin ag tús na bliana ar athchur/ag fanacht ar thriail agus a cimíodh ar ball nuair a ciontaíodh iad, is é 12,487 líon na bpríosúnach i 2010 ar glacadh leo tar éis a gciontaithe.

Fad pianbhreithe

Bhí méadú de 14.9% (1,622) i líon na ndaoine a cimíodh go príosún faoi phianbhreith i 2010 (iomlán de 12,487) thar 2009 (10,865). Ar na claontaí suntasacha tá:

- ⑩ Laghdú de 37.1% ar líon na bpríosúnach ag cur isteach 10 mbliain nó níos mó ó 70 ciontóirí i 2009 go 44 i 2010.
- ⑩ Méadú 27.9% ar chimithe faoi phianbhreith níos lú ná 3 mhí le hais a raibh i 2009, i.e. ó 5,750 go 7,356
- ⑩ Méadú 6.4% ar chimithe de dheasca ciontuithe drugaí le hais a raibh ann i 2009, i.e. ó 902 go 960

Tábla 2.12: Cimithe faoi phianbhreith de reir aoisghrúpa i 2010

AOIS (Blianta)	Iomlán	%
16	31	0.2
17	74	0.6
18 to < 21	1,519	12.2
21 to < 25	2,727	21.8
25 to < 30	2,700	21.6
30 to < 40	3,290	26.3
40 to < 50	1,499	12.0
50+	647	5.2
Iomlán	12,487	100.0

Cimithe de réir Grúpa Cionta

I 2010 rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann athrangú ar na grúpai cionta faoina ndearnadh taifead ar ciontuithe na bpríosúnach. Cuirtear staidreamh Sheirbhís Phríosúin na hÉireann anois ar bhonn na ngrúpai céanna agus a bhíonn ag an Garda Síochána, An Lároifig Staidrimh, Seirbhís na gCúirteanna agus an tSeirbhís Phromhaidh.

Tábla 2.13: Próifil Chionta na gcimithe faoi phianbhreith i 2010

	Bain.	Fir.	Iomlán
01 Cionta Dúnbhásaithe	2	51	53
02 Cionta Gnéasacha	-	123	123
03 Iarrachtaí/Bagairt ar Dhúnmharú, Ionsuite, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	57	687	744
04 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha	98	1,127	1,225
05 Fuadach agus Cionta Gaolmhara	-	15	15
06 Robáil, Sracaireacht agus Cionta Urghabhála	2	63	65
07 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	17	463	480
08 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	257	1,193	1,450
09 Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara	22	343	365
10 Cionta Drugaí Rialaithe	56	904	960
11 Cionta Armnán & Pléascán	6	284	290
12 Cionta um Dhamáiste do Shealús & don Chomhshaol	48	423	471
13 Cionta um Ord Poiblí & Chóid Shóisialta Eile	117	1493	1610
14 Cionta Bóthair agus Trácht	523	2,749	3,272
15 Cionta Rialtais, Nósanna Imeachta Ceartais & Coiriúlacht Eagraithe	149	768	917
16 Cionta nach bhfuil rangú orthu	143	304	447
Iomlán	1,497	10,990	12,487

Tábla 2.14: Grúpa Cionta de réir fad pianbhreithe an chiontóra i 2010

	< 3 mthí	3 go <6 Mhí	6 go <12 Mhí	1 go <2 Bl	2 go <3 bl	3 go <5 Bl	5 go <10 Bl	10+ Bl	Saol	Iomlán
01 Cionta Dúnbhásaithe	-	-	1	10	4	3	17	2	16	53
02 Cionta Gnéasacha	1	9	10	16	18	23	34	10	2	123
03 Iarracht/Bagairt ar Dhúnmharú, Ionsuite, Ciapadh agus Cionta Gaolmhara	129	210	154	89	69	65	26	2	-	744
04 Gníomhartha Dainséaracha nó Faillíocha	854	241	74	28	11	11	6	-	-	1,225
05 Fuadach agus cionta Gaolmhara	-	-	1	-	3	4	6	1	-	15
06 Robáil, Sracaireacht & Cionta Urghabhála	5	5	12	17	14	11	1	-	-	65
07 Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	40	71	215	51	44	37	18	4	-	480
08 Gadaíocht agus Cionta Gaolmhara	338	345	442	119	85	89	31	1	-	1,450
09 Calaois, Dallamullóg & Cionta Gaolmhara	198	70	76	12	4	2	3	-	-	365
10 Cionta Drugaí Rialaithe	372	112	116	50	67	129	92	22	-	960
11 Cionta Armnán & Pléascán	53	61	88	12	16	23	35	2	-	290
12 Cionta um Dhamáiste do Shealús & don Chomhshaol	201	110	110	18	13	14	5	-	-	471
13 Cionta um Ord Poiblí & Chóid Shóisialta Eile	1,345	198	55	10	-	1	1	-	-	1,610
14 Cionta Bothair agus Trácht	2,679	481	99	11	-	1	1	-	-	3,272
15 Cionta Rialtais, Nósanna Imeachta Ceartais & Coiriúlacht Eagraithe	765	82	47	8	3	6	6	-	-	917
16 Cionta nach bhfuil rangú eile orthu	376	54	14	2	-	1	-	-	-	447
Iomlán	7,356	2,049	1,514	453	351	420	282	44	18	12,487
2009	5,750	1,905	1,561	440	408	469	240	70	22	10,865
Difríocht	1,606	144	-47	13	-57	-49	42	-26	-4	1,622
%	27.9	7.6	-3.0	3.0	-10.4	-10.4	17.5	-37.1	-18.2	14.9

⑩ Tá a thuilleadh eolais staidrimh ar fáil ar ár suíomh idirlín (www.irishprisons.ie)

Cimithe de bharr fíneálacha nó fiacha

Bhí méadú de 39% le linn 2010 ar chimithe go príosún mar thoradh ar neamhíocaíocht fíneála cúirtordaithe thar an líon i 2009, i.e., ó 4,806 i 2009 go 6.683 i 2010 (1,877 cimithe breise), ag leanacht ar mhéadú de 90.7% i 2009

Table 2.15: Fiachóirí/Loiceadóirí Fíneála

Cineál	Baineannach	Fireannach	Iomlán
Fiachóirí	0	5	5
Pianbhreith Fhíneála	1,054	5,629	6,683
Iomlán	1,054	5,634	6,688

Daoine faoi choimeád faoi Dhlíthe Inimirce

Bhí 479 cimithe, agus iomlán de 459 daoine i gceist i 2010 maidir le cúrsaí inimirce. Is ionann é sin agus laghdú de 31.4% ar an 669 daoine a bhí faoi choimeád i 2009. Ba é 11 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád sa chatagóir seo.

Príosúnaigh faoi phianbhreith saoil

Bhí 18 duine faoi choimeád i 2010 agus iad ag cur isteach pianbhreitheanna saoil.

Leanann daoine atá faoi phianbhreith saoil dá bpianbhreith saoil a chur isteach fiú nuair a dtugtar tréimhsí fadaithe de scaoileadh sealadach isteach sa phobal dóibh. Cuirfear aon duine a bhfuil scaoileadh sealadach tugtha dó ar ais go príosún má sháraíonn sé/sí coinníollacha a scaoilte nó más ábhar baoil iad don phobal.

Bhí 62 príosúnach saoil faoi mhaoirsiú i measc an phobail ag deireadh na bliana, agus orthu siúd bhí daoine a scaoileadh saor ó choimeád breis agus 30 bliain ó shin. Orthu siúd freisin bhí 16 príosúnach saoilte saor go sealadach le linn na tréimhse 2004 go 31 Nollaig 2010. Ba é an mheántréimhse a chaith na daoine sin faoi choimeád ná 17 bliana. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le breis bheag ar 7½ bliana mar mheán do scaoilte idir 1975 agus 1984, beagnach 12 bliana do scaoilte idir 1985 agus 1994 agus díreach faoi bhun 14 bliana do scaoilte idir 1995 agus 2004.

Coinbhinsiún um Aistriú Daoine faoi Phianbhreith

Níor aistríodh príosúnach ar bith isteach i gcóras príosún na hÉireann ó phríosún thar lear i 2010. Aistríodh 15 príosúnach amach as an dlínse seo:

- 12 go dtí an Ríocht Aontaithe
- 2 go dtí an Ísiltír
- 1 go Tuaisceart Éireann

Ar an iomlán, tá 141 príosúnach aistrithe go córas príosún na hÉireann ón iasacht agus tá 131 príosúnach aistrithe amach ó tháinig An tAcht um Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, 1995 i bhfeidhm ar 1 Samhain 1995.

An Bord Parúil

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Bord Parúil le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna príosúnach le pianbhreitheanna fada agus le comhairle a thabhairt maidir le riaradh na bpianbhreitheanna sin.

Cuireadh cásanna 66 príosúnach faoi bhráid an Bhoird le linn 2010. De bhreis ar bheith ag plé le tagairtí nua, leanadh de 195 cásanna ó 2009 a bhí ag céimeanna éagsúla den phróisis athbhreithnithe.

Le linn 2010 rinne an Bord moltaí don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le 79 cásanna. Ghlac an tAire go hiomlán le moltaí an Bhoird sa chuid is mó de na cásanna

Toradh ar mholtaí ón mBord Parúil don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Moltaí déanta

79

Torthaí:

• Glacadh leis an moladh go hiomlán		72
• Glacadh le cuid den mholadh	4	
• Nótáladh an moladh	1	
• Níor glacadh leis an moladh	1	
• Cinneadh Aire ar feitheamh	0	
• Saoradh príosúnach ar loghadh roimh chinneadh		1

Caibidil 3

Coimeád Slán agus Sábháilte

Le sábháilteacht agus slándáil ár bpríosún a fheabhsú, bhunaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann an Grúpa Tacaíochta Feidhme (OSG) i 2008. Díríonn an OSG ar na bealaí ina ngáinneáil contrabhanna ar nós drugaí, armán agus guthán póca isteach inár bpríosún, ceann de na dúshlán is mó do phríosún ar fud an domhain.

Tá trí ghné ann den Ghrúpa Tacaíochta Feidhme:

<p>1. Aonad Tacaíochta Feidhme Tá Aonaid Tacaíochta Feidhme i mbun oibre anois i ngach ceann dár bpríosúin iata (seachas An tAonad Oiliúna agus Cnoc an Arbhair). Feidhmíonn na hAonaid seo mar fhoirne cuardaigh speisialaithe, na céad fhreagróirí i gcás rabhaidh nó eachtra, an fhoireann ceaptha le rialú agus srianadh a dhéanamh i gcás aistrithe ó chillín agus athlonnaithe agus is iad na picéid dóiteáin ar glao-dhualgas.</p> <p>Bíonn freagrachtaí breise ar na haonaid seo gach eolas faisnéise sa phríosún a bhailiú agus a chomhordú, coimhdeachtaí ardiomrá a dhéanamh, cuidiú le ceannasaí na slándála i measúnú leanúnach agus feabhsú ar an slándáil taobh istigh den phríosún.</p>	<p>2. Aonad um Scagadh Slándála Tá brathadóirí siúl-tríd ar dhul an aerfoirt suite i ngach príosún iata agus bíonn ar gach cuairteoir agus ball foirne dul tríd an bhrathadóir sula ligtear é/í isteach sa phríosún. De bhreis air sin, tá scanóirí x-gha ar fáil ag gach príosún iata agus bíonn iallach ann gach mála láimhe, mála cáipéisí, pacáiste, cóta, etc. a chur faoi scanadh.</p>	<p>3. Aonad na Madraí Tá Aonad Madraí Braite Drugaí (ina bhfuil 31 ball foirne) bunaithe ar bhonn náisiúnta. Chuaigh Aonad na Madraí i mbun oibre i ngach príosún i 2009.</p>
--	---	--

Chomh maith leis sin, ar na bearta slándála breise atá tugtha isteach le gluaiseacht contrabhanna a chosc tá:

- Tabhairt isteach Cathaoireacha Scanála Slándála Oscailt Cholainne (BOSS) le príosúnaigh a chuardeach agus iad ag teacht isteach agus ag imeacht ó phríosún

- Tógáil fáil os cionn clós lúthaíochta i bpríosúin iata le cur in aghaidh drugaí a bheith á gcaitheamh thar bhallaí imlíneacha.

Ar na bearta coisc eile tá cuardaigh cillín agus achair do chontrabhanna ar nós drugaí a ndéantar i ngach príosún ar bhonn laethúil. Orthusan tá cuardaigh fhánacha, sonraithe agus bunaithe ar fhaisnéis. Bhí éifeacht ar leith ag na bearta nua seo agus dar le faisnéis áitiúil, tá laghdú suntasach tagtha ar theacht ar chontrabhanna ar fud chóras na bpríosúin.

Léiríonn an tábla thíos líon na ndaoine a ndearna an tAonad Scagtha Slandála scagadh orthu le linn 2010. Ghabh na Gardaí 240 duine as iarrachtaí a dhéanamh contrabhanna a thabhairt isteach sna príosúin, iarrachtaí a nocht an tAonad.

Tábla 3.1: Líon daoine a scag an tAonad Scagtha Slándála i 2010:

	Cuairteoirí ar phríosúnaigh	Daoine eile a scagadh, foireann san áireamh	Iomlán
Muinseo	46,384	389,444	435,828
Naomh Pádraig	12,930	92,155	105,085
Cruithneachtán	34,016	239,125	273,141
Cnoc na Seimre	33,159	178,520	211,679
Port Laoise	10,015	276,823	286,838
Lár Tire	39,394	163,028	202,422
Corcaigh	17,214	130,388	147,602
Luimneach	26,729	138,988	165,717
An Caisleán Riabhach	19,694	67,478	87,172
Dóchas	7,455	135,464	142,919
			2,058,403

Tugadh isteach roinnt beart eile nó rinneadh forbairt orthu le linn 2010 ar a raibh:

Tástáil Éigeantach Drugaí

Leathnaíodh Tástáil Éigeantach Drugaí do gach príosún le linn 2010. Ciallaíonn sé sin tástáil le húsáid drugaí a bhraith agus cuireann sé leis an gcuspóir foriomlán mí-úsáid drugaí a laghdú agus é á dhéanamh mar chuid de straitéis drugaí níos leithne agus níos cuimsithí. Cuireann sé eolas ar fáil maidir le claontaí i mí-úsáid drugaí, cuidíonn sé le mí-úsáideoirí drugaí a aithint, agus iad a chur ar aghaidh chuig cláir chóireála, éascaíonn sé acmhainní a dhíriú níos fearr, bíonn sé ina iombhagairt in aghaidh mí-úsáid drugaí agus cuireann sé eolas tábhachtach ar fáil do bhainistíocht na bpríosúin, rud a chuidíonn le cinnteoireacht maidir le bainistiú pianbhreitheanna príosúin ar leith

Déantar Tástáil Éigeantach Drugaí faoi théarmaí Alt 35(2)(j) d'Acht na bPríosúin 2007 agus Rialacha Príosúin 26(5)(a). Tástáil seile an mhairtís a úsáidtear agus d'fhéadfadh go dtástáilfí aon phríosúnach trí Thástáil Éigeantach Drugaí ar bhonn fánach nó amhrais réasúnta. Roghnaítear príosúnaigh do thástáil fhánach trí chlár a ghintear leis an Teicneolaíocht Eolais agus déantar tástáil ar 10% de dhaonra na bpríosúin gach mí. Déantar tástáil ar phríosúnach ar bhonn amhrais réasúnta nuair a bhíonn cúis ann lena cheapadh go raibh sé gafa le mí-úsáid substaintí le déanaí.

Braithfear air mar shárú rialach príosúin faoi Riail Phríosúin 26(5)(b) má dhiúltaíonn príosúnach sampla a thabhairt faoi Riail Phríosúin 26(5)(a) agus d'fhéadfadh go mbeadh gníomh smachtaithe mar thoradh air sin. D'fhéadfadh príosúnach a bheith ciontach freisin má bhíonn toradh dearfach ann ar thástáil éigeantach drugaí air/uirthi. agus d'fhéadfadh go mbeadh gníomh smachtaithe ann da bharr.

Gabháil Guthán Póca

Tuairiscítear gach gabháil ar ghuthán póca d'údaráis an Gharda Síochána. Le linn 2010, gabhadh 1,718 gutháin phóca ar fud na n-institiúidí (féach tábla 3.1). Cuardaítear cillíní agus limistéir le haghaidh contrabhanna ar nós guthán póca i ngach príosún ar bhonn laethúil. Ar na cuardaigh sin bíonn cuardaigh fhánacha, sonraithe agus cinn bunaithe ar fhaisnéis. Bhí éifeacht ar leith leis na cuardaigh seo agus léiríonn faisnéis áitiúil go bhfuil laghdú tagtha ar theacht ar ghutháin phóca ar fud chóras na bpríosun. Toradh díreach é seo ar bhearta atá tugtha isteach le déanaí ar a bhfuil scagairí ar dhul an aerfoirt agus innill x-ghathaithe, atá i bhfeidhm ar an mbealach isteach chuig na príosúin iata chuí. Tá sonraí maidir le hurghabhail guthán póca sa tábla thíos.

Tábla 3.2: Urghabháil Guthán Póca i bpríosúin:

Príosún/Ionad Coinneála	2008	2009	2010
Cnoc an Arbhair	3	2	1
An Caisleán Riabhach	106	70	43
Cnoc na Seimre	128	41	16
Corcaigh	64	27	13
Ionad Dóchais	55	40	12
Luimneach	292	309	133
Teach an Locháin	58	78	155
Lár Tíre	136	87	92
Muinseo (Fireann)	580	904	742
Port Laoise	41	48	18
Teach na gCanónach	72	103	88
Naomh Pádraig	160	121	138
An tAonad Oiliúna	120	116	191
Cruithneachtán	232	228	76
Iomlán	2,047	2,174	1,718

Cuairteanna Réamháirithe

Tá socruithe cuairtíochta nua curtha i bhfeidhm sna príosúin agus iallach ar chuairteoirí cuairteanna a chur in áirithe roimh ré agus comhartha aitheantais a chur ar fáil gach uair. Tá sé seo ar cheann de na bearta slándála a tugadh isteach le díriú ar na bealaí a raibh contrabhanna ar nós drugaí, armnán agus guthán póca á ngáinneáil isteach i bpríosúin.

Forleathnaíodh Bunachar Cuairteanna Réamháirithe leictreonach le réiteach uathoibreach a chur ar fáil do riaradh an chórais phainéil um chuairteanna réamháirithe. Tá sé seo tar éis an córas ar fud eastát na bpríosun a chaighdeánú agus meicníocht níos fearr do chuairteanna a chur ar fáil.

Bíonn ar aon duine ar mian leis cuairt a thabhairt ar phríosúnach coinne a dhéanamh roimh ré agus sonraí pearsanta ar leith a chur ar fáil le cead isteach a fháil do phríosún. Orthu sin tá ainm an chuairteora, seoladh, an príosúnach a bhfuiltear ag tabhairt cuairt air/uirthi, gaol an chuairteora leis an bpríosúnach agus dáta na cuairte. Lorgaítear comhartha aitheantais grianghrafach ón gcuardioir ar theacht dó/di agus baintear leas as sin leis an dáta breithe a tugadh tráth na háirthinte. Baintear leas as an dáta breithe mar aitheantóir ar an gcuardioir.

Cuirtear gach sonra ar taifead ar an gcóras leictreonach. Baineann an nós imeachta seo freisin le cuairteoirí gairmiúla.

Foréigean sna príosúin

Níl glacadh le haon leibhéal d'fhoréigean idir príosúnaigh. Déanann an fhoireann agus an bhainisteoireacht gach iarracht raon gníomhartha foréigin a laghdú. Mar sin féin, ní féidir le réimeas ar bith deireadh iomlán a chur leis an bhféidearthacht go dtarlódh eachtraí foréigin i suíomh príosúin agus muid ag coimeád líon mór de chiontóirí contúirteachta agus foréigneacha.

Nuair a chuirtear san áireamh gur sholáthraigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann breis agus 1.5m (4,290 x 365) leaba-oícheanta, d'fhireannaigh óga den chuid is mó, i 2010 bhí líon na n-ionsuithe sách beag, go háirithe sna cásanna inar baineadh úsáid as gléas troda. Bhí iomlán de 1,014 eachtra foréigin i measc príosúnach le linn na bliana agus orthusan bhí eachtraí an-mhionchúiseacha. Sin iomlán de 2.5 eachtra sa lá i ndaonra de bheagnach 4,300.

Chomh maith leis sin ní gníomhartha fánacha foréigin iad de ghnáth ionsuithe ag príosúnaigh ar phríosúnaigh -- bíonn baint acu le cúrsaí ar an taobh amuigh -- ar nós fiacha drugaí, iomaíocht i measc dronganna, etc.

Príosúnaigh faoi chosaint

Ar 31 Nollaig, 2010 bhí 841 príosúnaigh faoi chosaint ar fud an chórais príosúin. Is ionann é sin agus 17% de dhaonra iomlán na bpríosún ar an dáta sin.

Déantar iarrachtaí leaúnacha líon na bpríosúnach faoi chosaint a laghdú agus bítear á n-aistriú go rialta go príosúin eile nach mbeidh cosaint de dhíth iontu ar an bpríosúnach. Tá roinnt príosún ann a bhfuil líon suntasach de phríosúnaigh faoi chosaint iontu atá cóirithe ar urlár ar leith ina bhfuil teacht acu ar réimse leathan imeachtaí ar a bhfuil scoil, ceardlanna, áiseanna giomnáisiaim, seirbhís phromhaidh agus seirbhís shéiplíneachta, Ar 31 Nollaig 2010 bhí 502 príosúnach sa chatagóir sin.

I gcaásanna áirithe is féidir go mbeidh gá príosúnach a chur faoi chóiríocht réimis theoranta. Ar 31 Nollaig, 2010 bhí 339 príosúnach sa chatagóir seo. Is ionann sin agus níos lú ná 7% de dhaonra na bpríosún ar an dáta sin. I gcásanna deargphráinne d'fhéadfadh go mbeadh daoine mar sin faoi bhagairt chomh mór sin go mbeidh sé riachtanach nach mbeadh teagmháil ar bith acu le príosúnaigh eile.

Is í an fhírinne nach eagla roimh fhoréigean fánach sa phríosún a lorgaíonn tromlach na bpríosúnach a dteastaíonn uathu dul faoi chosaint a leithéid ach i ngeall ar eachtraí a tharlaíonn ar an taobh amuigh (fiacha drugaí, iomaíocht idir dronganna, agus amhras faoi chomhoibriú leis na Gardaí). Is léir sin ó chuireann tromlach na bpríosúnach a lorgaíonn dul faoi chosaint é sin in iúl ag céim an chimithe.

Maidir le líon na bpríosúnach faoi chosaint, breathnaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann air sin mar léiriú ar na céimeanna a nglactar sna príosúin ar leith ar mhaithe le sábháilteacht na bpríosúnach.

Scaoileadh Sealadach

Leagtar síos san Acht um Cheartas Coiriúil (Scaoileadh Sealadach), 2003 agus i Rialacha na bPríosúnach (Scaoileadh Sealadach) 2004 an bunús reachtúil le cumhacht an Aire scaoileadh sealadach a dheonú trí na prionsabail a leagadh síos a bhaineann le cleachtadh na cumhachta seo. Cuireann an tAcht seo bunús soiléir agus trédhearcach ar fáil freisin, chomh maith leis na cosaintí riachtanacha atá de dhíth, le haghaidh fheidhmiú chóras na scaoilte sealadaí.

Ba é 732 meánlíon na ndaoine ag fulaingt pianbhreitheanna a bhí scaoilte go sealadach le linn 2010. Is ionann é sin agus 14.5% de mheánlíon iomlán na bpríosúnach sa chóras.

Monatóireacht Leictreonach

In Aibreán 2010, d'iarr Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí na linne ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann fiosrú a dhéanamh ar bhonn píolótach, ar úsáid teicneolaíochta i monatóireacht trí Rianú Saitilíte Choras Suite Domhanda (GPS) ar líon beag de phríosúnaigh shaorálacha. Tar éis comórtais tairiscintí poiblí, tosaíodh ar chlár píolótach déanach i mí Lúnasa 2010 agus cuireadh críoch leis ag deireadh mhí na Nollag 2010. Bhí iomlán de 31 príosúnach páirteach.

Roghnaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann príosúnaigh oiriúnacha agus tugadh scaoileadh sealadach dóibh siúd ar an gcoinníoll go ndéanfaí monatóireacht orthu do thréimhsí éagsúla. Bhain na gnáthchoinníollacha lena scaoileadh agus a bhaineann le scaoileadh sealadach i gcónaí móide coiníollacha a bhain le monatóireacht, go háirithe go gcloíff le tráthanna cuirfiú agus criosanna eisiaimh. I gcás go sárófaí aon cheann de na coiníollacha d'fhéadfaí go dtarraineofaí siar príbhleáid na scaoilte sealadaí. Rinne an conraitheoir a ceapadh don chúram monatóireacht ar ghluaiseachtaí na bpríosúnach agus cuireadh aon sárú in iúl go díreach do Sheirbhís na hÉireann.

Ba mhaith mar a bhí príosúnaigh dílis don chomhlíonadh agus níor cuireadh athghlao ach ar phríosúnach amháin i ngeall ar shárú cuirfiú. Bhí aonaid rianaithe aonphíosa agus dháphíosa ar an trealamh a tástáladh. Bhí príosúnach a bhí faoi chúram ospidéal fadtéarmach san áireamh sa phíolót, duine a monatóradh le clib saitilíte ceangailte lena cholainn agus aonad monatóireachta radaimhinicíochta sa bharda. Cuirfear críoch le hathbhreithniú cuimsitheach agus analais costais is tairbhe an píolóit i 2011.

Ealú agus Teicheadh ó Choimeád

Ní raibh aon ealú ó thaobh istigh de chríocha na bpríosún iata le linn 2010.

Theich beirt phríosúnach ó choimeád na n-oifigeach príosúin agus é á choimhdeach ó institiúid iata. Theich 110 príosúnach eile ó choimeád, ó ionad oscailte nó ar thurais faoi thionlacan (le hoifigeach, séiplíneach príosúin nó seirbhísí tacaíochta eile). Bhí 83 díobhsan a theich le linn 2010 ar ais faoi choimeád faoi dheireadh na bliana.

Tábla 3.3: Éalú agus Teicheadh ó choimeád i 2010:

Príosún	Éalú	Teicheadh	Iomlán	Tugtha ar ais i gcoimeád faoi dheireadh na bliana	Fós ar iarraidh ag deireadh na bliana
Cnoc an Arbhair	0	0	0	0	0
An Caisleán					
Riabhach	0	2	2	2	0
Cnoc na Seimre	0	0	0	0	0
Corcaigh	0	0	0	0	0
Luimneach	0	0	0	0	0
Teach an Locháin	0	45	45	34	11
Lár Tíre	0	0	0	0	0
Muinseo (bain.)	0	0	0	0	0
Muinseo (fir.)	0	0	0	0	0
Port Laoise	0	0	0	0	0
Teach na gCanónach	0	65	65	47	18
Naomh Pádraig	0	0	0	0	0
Aonad Oiliúna	0	0	0	0	0
Cruithneachtán	0	0	0	0	0
Iomlán	0	112	112	83	29

Íospartaigh Coireanna

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann thar a bheith meabhrach faoi staid na n-íospartach agus a muintir agus faoi na torthaí dochracha ar chionta, torthaí a bhféadfadh daoine a mhilleadh. Déanfaidh Oifigeach Idirchaidrimh Íospartach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann gach iarracht, nuair a iarrann íospartach nó muintir íospartaigh é, iad a choinneáil ar an eolas maidir le himeachtaí suntasacha i mbainistiú phianbhreith dhéantóir na coire chomh maith le heolas faoi scaoileadh atá le teacht. Ar na himeachtaí suntasacha sin bheadh scaoileadh sealadach, éisteachtaí boird parúil, láithris sa chúirt, aistriú go príosún eile nó dátaí scaoilte tuartha. Is féidir go mbeadh an teagmháil seo i scríbhinn, de theileafón, de ríomhphost nó go pearsanta.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur seirbhís dheonach é seo agus nach dtabharfar an t-eolas ábhartha ach dóibh siúd a roghnaíonn amhlaidh.

Má theastaíonn ó aon duine nó ó theaghlach feidhm a bhaint as Seirbhís Idirchaidrimh Íospartach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, is féidir leo é sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Idirchaidrimh Íospartach:

**Oifigeach Idirchaidrimh Íospartach
Ceannáras Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
Lárionad Gnó an Údaráis Forbartha Tionscail
Bóthar Bhéal Átha na Laoi
An Longfort**

Teileafón: 043 33 35100
Caibidil 4

Ríomhphost: vlo@irishprisons.ie

Cúram agus athshlánú na bpríosúnach

Réamhrá

Is aidhm bhunúsach de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann é cúram agus athshlánú na bpríosúnach. De réir a ráitis mhisin, déanann an tSeirbhís iarracht cur chuige cothrom a bhaint amach i gcur i ngníomh críochnúil ar a cuid feidhmeanna cúraim agus coimeáda. Tugann sí faoi bhainistiú pianbhreitheanna ar bhealach a spreagann príosúnaigh agus a thugann tacaíocht dóibh ina n-iarrachtaí maireachtáil go géilliúil don dlí agus saolta fiúntacha a chaitheamh tar éis a scaoilte.

Cuimsíonn cúram agus athshlánú príosúnach inchur suntasach iltoiseach ó réimse leathan de sheirbhísí ginearálta agus speisialaithe a chuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus seirbhísí inteagmhála reachtúla agus neamhreachtúla araon ar fáil.

Ar na seirbhísí éagsúla atá faoi chúram Sheirbhís Phríosúin na hÉireann tá na seirbhísí oideachais, leabharlainne, saothair agus oiliúna, síceolaíochta agus spioradálta. Bíonn tábhacht leis na seirbhísí seo i dtabhairt faoi réiteach ar dheiseanna cailte i gcúrsaí oideachais agus gairme, iompraíocht dhéistíneach, andúil drugaí agus alcóil agus droch-fhéinbhainistíocht. sa chaoi is gur féidir leis na príosúnaigh forás dearfach pearsanta a bhaint amach i bpríosún mar aon le hath-imeascadh agus athlonnú i measc an phobail. Cuimsíonn feidhm an chúraim freisin soláthar ar thosca sásúla maireachtála maidir le cóiríocht, lónadóireacht, seirbhís níos álainn, sláinte agus réimeas laethúil chomh maith le naisc a choinneáil leis an bpobal agus bearta le hath-imeascadh a éascú.

Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna

Leanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann d'fhorbairt agus d'fhorleathnú ar chóras Bainistíochta Comhtháite Pianbhreitheanna (ISM) ar mhaithe le comhordú ar idirghníomhartha le príosúnaigh bunaithe ar phleananna pianbhreitheanna comhaontaithe.

Cuimsíonn ISM cur chuige nua i seachadadh seirbhísí do phríosúnaigh agus béim nua ar phríosúnaigh a bheith ag glacadh freagracht níos mó chucu féin as a bhforás féin trí idirghníomhaíocht le seirbhísí speisialaithe agus neamhspeisialaithe sna príosúin. Is é an toradh a bheas ann ag deireadh cur chuige ildisciplíneach príosúnachlárnaithe maidir le hoibriú le príosúnaigh le soláthar do mheasúnú tosaigh, ceapadh spriocanna agus athbhreithniú tréimhsiúil le dul chun cinn a mheas.

Le linn 2010, rinneadh príomhshruthú ar ISM i bpríosúin Chnoc an Arbhair, an Chruithneachtáin agus Láir Tíre agus san Aonad Oiliúna. Cuireadh tús le ISM sna príosúin/institiúidí seo leanas le linn na bliana: Institiúid Naomh Pádraig; príosúin Phort Laoise, Chorcaí, An Caisleáin Riabhaigh, agus Mhuinseo; agus Ionad Dóchais. Rinneadh obair ullmhúcháin níos déanaí sa bhliain i bpríosún Luimnigh le go mbeadh seoladh luath ann i 2011. Leanadh le linn na bliana le hobair chomhuaineach maidir le raon de thacaí córais mar uirlisí measúnaithe, seoladh

bunachar tiomnaithe sna suímh ghníomhacha, oiliúint foirne agus cláir chiontóirí. Ó cuireadh tús leis an bpiólót i samhradh 2008, tairgeadh páirtíocht do thart faoi 1,290 príosúnach san ISM agus bhí thart faoi 1,000 ag glacadh páirte ag deireadh 2010. Seolfar ISM sna suímh eile i 2011.

Cuireadh tús le hobair le linn na bliana maidir le polasaí um réimis spreagtha a dhréachtú arb é a chuspóir páirtíocht a spreagadh i ngníomharthaí struchtúrtha agus i mbainistíocht chomhtháite pianbhreithe.

Oideachas

Cuirtear oideachas ar fáil sna príosúin i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, a sholáthraigh a chomhionann de 220 múinteoirí lánaimseartha sna blianta acadúla 2008/09 agus 2009/10. Is fostaithe iad an fhoireann mhúinteoireachta de na Coistí Gairmoideachais sna ceantair ina bhfuil na príosúin suite. Ar na háisíneachtaí eile a chuireann go suntasach le hoideachas sna príosúin tá an Open University agus an Chomhairle Ealaíon.

Is é is cuspóir leis na tSeirbhís Oideachais clár ardchaighdeáin, leathan, solúbtha oideachais a chuideoidh le príosúnaigh cur suas lena bpianbhreitheanna, forás pearsanta a bhaint amach, ullmhú don saol tar éis a scaoilte agus fonn agus cumas a bhunú iontu le haghaidh foghlama fad saoil. Déanann an tSeirbhís iarracht cláir ábhartha a sheachadadh ina mbeidh freastal ar riachtanais iomlánaíocha, a chinntíonn rochtan leathan agus ardhpháirtíocht, a dhíríonn orthu siúd le riachtanais oideachais bhunúsacha. Cuireann sí chun cinn prionsabail na haosoiliúna agus oideachais phobail agus tacaíonn sí le cur chuige ildisciplíneach taobh istigh den chóras príosúin.

Cóirítear cláir le héagsúlacht dhaonra na bpríosún a chur san áireamh chomh maith leis an gcineál casta saoil a bhíonn sna príosúin, a chuimsíonn riachtanais scarúna agus ardlleibhéal an ráta athraithe i ndaonra na bpríosún. Maidir le cúrsaí agus curaclaim oideachais atá bunaithe ar dhaoine aonair ag glacadh páirte in earnáil ábhair amháin nó níos mó ar feadh bliana acadúla agus ansin ag seasamh scrúduithe, ní bhíonn a leitheid oiriúnach ach do líon beag príosúnach. Bíonn cúrsaí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta ar fáil ach bíonn níos mó agus níos mó príosúnach ann a mbíonn curaclam níos solúbtha de dhíth orthu a mbíonn iliomad pointí tosaithe nó scoir iontu a chuireann caighdeán oideachais roimh ré san áireamh. Baintear leas leathan, mar sin, as creidiúnú FETAC le measúnú bunaithe ar chur le chéile fillteán. Bíonn gach Aonad Oideachais príosúin ag teacht leis na caighdeáin dearbhaithe cáilíochta a éilíonn FETAC. Tugtar aird mhór ar chomhordú na gcúrsaí leis an gclár Saothair agus Oiliúna.

Is féidir cúrsaí agus cláir a rangú go ginearálta mar leanas:

- Oideachas Bunúsach, litearthacht, uimhirtheacht, Béarla mar dhara teanga agus cumarsáid san áireamh;
- Na hEalaíona Cruthaíocha, ceol, taifeadadh fuaime agus léiritheoireacht, drámaíocht, ealaín, ceardaíocht, saoirseacht chloiche, scríbhneoireacht chruthaitheach, léiritheoireacht scannán agus grianghrafadóireacht go háirithe.

- Teicneolaíocht, ar a mbíonn adhmaadóireacht, snoíodóireacht adhmaid, miotalóireacht, dearadh ríomhchuidithe, teicneolaíocht eolais agus gairneoireacht;
- Ábhair Ghinearálta, ag cuimsiú na n-ábhar, stair, teangacha, tíreolaíocht, eacnamaíocht bhaile agus litríocht an Bhéarla;
- Scileanna Beatha: forás pearsanta, scileanna idirphearsanta, bainistú feirge, tuismitheoireacht, cúram páistí, staidéar andúile, teoiric tiomána, sláinteachas bia, etc.
- Maireachtáil shláintiúil, go háirithe corpoideachas, spórt, corpacmhainn agus gníomhaíochtaí fóillíochta, oideachas sláinte, biaráim agus cothúchán.

Déantar gach iarracht príosúnaigh a mhealladh i dtreo gníomhaíochtaí oideachais taobh istigh de na príosúin. Déantar measúnú ar gach príosúnach le cumas foghlama ar leith a aithint mar aon le earnálacha ina mbeidh tacai de dhíth. Aontaítear ar phlean oideachais aonair leis an bpríosúnach agus freastalaíonn seisean/sise ar chúrsaí/cláir chomhaontaithe.

Le linn 2010 bhí thart fá 35% de na príosúnaigh ag freastal ar ranganna. Tá an figiúr seo bunaithe ar thuaisceáin sheachtainiúla ó na hIonaid Oideachais agus níl gnáthlaethanta saoire scoile san áireamh nuair a bhíonn seirbhís laghdaithe ann. Tugann na tuaisceáin an fíorfhreastal ar ranganna gach seachtain le linn na bliana acadúla agus cuireann siad ar fáil líon na bpríosúnach ar leith a fhreastalaíonn (ag áireamh gach príosúnach uair amháin beag beann ar thréine nó minicíocht an fhreastail). Braitheann páirtíocht i gcúrsaí oideachais ar thosca ar nós rochtana, áiseanna, athrú daonra agus scarúint.

Léirítear an patrún freastail do gach príosún i dTábla 4.1 thíos.

Tábla 4.1: Rátaí Páirtíochta in Oideachas i 2010

Institiúid	%
Cnoc an Arbhair	55
An Caisleán Riabhach	26
Cnoc na Seimre	18
Corcaigh	45
Dóchas	50
Luimneach	41
Teach an Locháin	69
Lár Tíre	41
Muinseo	14
Port Laoise	53
Teach na gCanónach	62
Institiúid Naomh Pádraig	40
Aonad Oiliúna	36
Cruitheachtán	25
Meán gach príosún	35

Bunaíodh Coiste um Oideachas Príosúin i mBealtaine 2010, ar a bhfuil ionadaithe ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na Coistí Gairmoideachais. Tá na comhpháirtithe tar éis aontú ar bhunú struchtúr le maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt oideachais príosúin ag cur san áireamh ábhar, bailmheas agus cinntiú caighdeán an churaclaim, na cigireachta agus modheolaíochtaí cuí múinteoireachta agus measúnaithe.

Mhol an Cigire Príosún ina thuarascáil do 2010 go ndéanadh Seirbhís Phríosúin na hÉireann coimisúnú ar iniúchadh neamhspleách ar leorgacht, éifeacht agus ábharthacht chóras oideachais na bpríosún. Ghlac an tArd-Stiúrthóir leis an moladh seo agus déanfar an iniúchadh le linn na bliana acadúla 2010-2011.

Obair agus Gairmoiliúint i bPríosúin

Cuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann béim mhór ar sholáthar imeachtaí gairmoiliúna do phríosúnaigh. Roghnaítear gníomhaíochtaí oiliúna leis na méid is mó fostaíochta agus is féidir a thabhairt i bpríosúin agus deiseanna a thabhairt le scileanna a bhaint amach a thabharfadh slánfhostaíocht dóibh tar éis a scaoilte. Feidhmíonn raon leathan de cheardlanna taobh istigh de na hinstiúidí, e.g. clódóireacht, ríomhairí, Braille, adhmaadóireacht, miotalóireacht, tógáil, glanadh tionsclaíoch ar conradh, ceardaíocht, gairneoireacht agus leictreonaic. Comh maith leis sin cuimsíonn feidhm na hoibre agus oiliúna seirbhísí riachtanacha ar nós lónadóireachta agus seirbhís níos álainn.

Le linn 2010, rinneadh forás ar dhá cheardlann nua agus gníomhaíochtaí i dTeach na gCanónach agus cuireadh dhá cheardlann nua leis an eite bhaineannach i Luimneach. Leanadh de clár athchóirithe agus malartaithe trealaimh i bpríosúin eile ag díriú go príomha ar áiseanna cistine agus níos álainn agus ar cheardlanna ríomhairí agus siúinéireachta. Tháinig áis nua feabhsaithe i bhfeidhm i gCuithneachtán le freastal ar an daonra príosúin méadaithe tar éis seoladh eite chóirithe nua.

Ghlac breis agus 800 príosúnach páirt in imeachtaí oiliúna oibre ar bhonn seisiúnach laethúil le linn na bliana. Mar sin féin chuir an moratóir ar earcaíocht agus ardú céime sa tseirbhís phoiblí isteach ar oibriú seirbhísí agus áiseanna oiliúna oibre.

Bíonn creidiúnú seachtreach ar oiliúint theistithe ar fáil i roinnt de na cúrsaí a reachtáiltear sna hinstiúidí. Ar an chéad dul síos tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag neartú a socruithe comhpháirtíochta le City and Guilds agus an Scottish Qualifications Authority (SQA). Cinntíonn na socruithe nua bainistiú níos lárnaithe agus níos comhordaithe ar an bpróiseas creidiúnaithe agus leathnú ar líon na gcúrsaí agus imeachtaí teistithe. Ar na hearnálacha scileanna ina mbeidh breis cúrsaí teistithe ar fáil sna blianta atá romhainn beidh péinteáil agus maisiú, stóráil agus ollstóráil, tiomáint forcardaitheora, lónadóireacht, tathú miotail, tógáil, gairneoireacht agus oibreacha níos álainn.

Le linn 2010, d'fhaomhaigh City and Guilds oifigigh thraenála saothair le measúnú a dhéanamh ar lucht oiliúna agus iad a theistiú d'fhoireann de ghradaim Theicneolaíochta Eolais, Shiúinéireachta, Lónadóireachta agus Ghairneoireachta. D'údraigh an SQA an stádas éilimh dhírigh céanna do ghradaim i dTíliú agus Litearthacht Dhigiteach. Oileadh teagascóirí freisin le linn na bliana le cúrsa de chuid Údarás Sábháilteacht Bia na hÉireann a sheachadadh do phríosúnaigh. Bhí méadú suntasach i líon na bpríosúnach a ghlac páirt i gcúrsaí gairmoiliúna creidiúnaithe i 2010. I gcomparáid leis an líon atá ar taifead do 2009 – 874 príosúnach a rinne freastal ar a leitheid de chúrsaí anuraidh, méadú ó 376 a ghlac páirt i 2009, méadú de 132%.

Rinneadh forás ar thionscnamh suntasach eile i réimse na scileanna infhostaithe i 2010. Is tionscnamh idirdhisciplíneach é Clár Troika um Bhogscileanna a mbíonn páirteach inti pearsanra ó na hAonaid Oideachais, an tSeirbhís um Oiliúint Oibre agus Business in the Community (BITC), a dhíríonn ar sheachadadh sraith aontaithe de chúrsaí scileanna idirphearsanta le creidiúnú ó FETAC. Tá réimse de scileanna boga roghnaithe le

seachadadh: ullmhú don obair; scileanna idirphearsanta; éifeacht phearsanta; cumarsáid agus féinaighneacht. Cuireadh na modúil seo chun cinn agus seachadadh iad ar bhonn píolótach in ollionad Mhuinseo agus i bPríosún an Chruithneachtáin le linn an bliana acadúla 2009/10. Bronnadh breis agus 270 gradam Leibhéal 3 FETAC ar lucht páirtíochta sa tréimhse sin. Tá an clár á fhorleathnú de réir a chéile, go príosúin eile agus táthar ag súil go mbeidh naoi bpríosún i mbun an chlár le linn na timthrialla acadúla reatha 2010/2011.

Leanadh le comhpháirtíocht le BITC i 2010. Maoiníonn Seirbhís Phrosúin na hÉireann Seirbhís GATE BITC a sholáthraíonn seirbhís oiliúna, oideachais agus sochrúchán fostaíochta do phríosúnaigh ar champais Mhuinseo agus Láir Tíre. Thosaigh Oifigeach Oiliúna agus Fostaíochta (TEO) breise ar an gcampas Láir Tíre rud a d'ardaigh líon na TEOs go ceathrar. Le linn 2010 cuireadh daoine ar aghaidh chuig an tseirbhís 613 uaire. Le linn 2010 d'fhan 264 den lucht páirtíochta gafa leis an gclár tar éis a scaoilte, cuireadh 90 i bpoist agus tugadh oiliúint bhreise do 93.

Leanadh le seirbhís mheantóireachta Business in the Community i 2010, tionscnamh atá cómhaoinithe ag Ciste na gCuntas Díomhaoin (DAF) agus ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá sé léirithe go hidirnáisiúnta go dtéann meantóireacht i bhfeidhm go dearfach ar athlonnú iarphríosúnach agus a staonadh ó choiriúlacht. Leanadh leis an tionscnamh meantóireachta i bpríosúin Chorcaí agus an Chaisleáin Riabhaigh agus le linn 2010 tugadh isteach meantóir breise san Aonad Oiliúna. Ó cuireadh tús leis an tSeirbhís Mheantóireachta i 2009 cuireadh daoine faoina bráid 170 uaire.

Soláthraíonn roinnt príosún réimse leathan ábhair agus táirgí do chumainn charthanachta agus cuidíonn said le hairgead a bhailiú. Lean príosúnaigh i dTeach na gCanónach de thógáil 27 mbealach ar son Bóthar i 2010. Feirmeoirí a bhronn na hainmhithe agus i mí Dheireadh Fómhair dáileadh iad ar theaghlach i Ruanda.

An tSeirbhís Síceolaíochta

Is iad príomhaidhmeanna na Seirbhíse Síceolaíochta seirbhísí sláinte mheabhrach a chur ar fáil do phríosúnaigh agus cuidiú le ciontóirí tabhairt faoi thosca agus iad i mbaol athchiontaithe. Tá foireann de 21 ag an tSeirbhís – 1 Ceannasaí Seirbhíse, 6 Síceolaithe Sinsearach agus 14 Síceolaithe.

Ar an iomlán, rinneadh 1,307 coinne leis an tSeirbhís Síceolaíochta le haghaidh idirghabhálacha teiripeacha le príosúnaigh aonair i 2010. Is ionann é sin agus laghdú i gcomparáid le 2009 agus léiríonn sé an bhéim bhreise atáthar ag cur ar obair i ngrúpaí. Tháinig 929 duine aonair faoi bhráid na Seirbhíse i 2010, rinneadh measúnú induchtaithe ar 1,416 agus bhí 6,574 seisiún idirghabhála ann. Bhí difríocht shuntasach i bhfad na teiripe ó phríosúnach go príosúnach, ó sheisiún singil go fiche nó níos mó seisiún. De ghnáth díríonn an saothar aonair ar dhá bhunearnáil -- ceisteanna sláinte meabhraí (déileáil le príosúnacht, lagar spride, imní etc) agus ceisteanna a bhaineann le cionta (e.g. inspreagadh chun athraithe, fearg, mí-úsáid substaintí, ciontóireacht ghnéis agus foréigin).

Díríonn clár ghrúpaí na Seirbhíse Síceolaíochta ar cheisteanna a bhaineann le cionta (e.g. bainistiú feirge, scileanna feabhsaithe smaoinimh, tosca riosca maidir le hathchiontú foréigeanach nó gnéasach), mí-úsáid substaintí (e.g. feabhsú spreagthachta, seachaint athiompaithé) agus déileáil go pearsanta le deacrachtaí

agus forás pearsanta (e.g. Bainistiú strusa, bainistiú caidreamh, bainistiú codlata, etc). Léirítear athchoimre i dTábla 4.2. .

Maidir le ciontóirí gnéasacha, tá an clár Building Better Lives ann, clár a tosaíodh i gCnoc an Arbhair i 2009, agus a cuireadh chun cinn agus a neartaíodh le linn 2010. Baineann an clár seo leas as cur chuige síceolaíochta cumaisbhunaithe agus tá trí ghné ann:

- an clár Exploring Better Lives, a bhfuil sé mar chuspóir aige spreagadh agus muinín a chur chun cinn maidir le hathrú dearfach
- an clár Practising Better Lives, a dhíríonn ar theacht ar thuiscint níos mine ar chiontóireacht san am atá thart agus pleananna dearfacha féinbhainistíochta saor ó chionta a chur chun cinn don todhchaí, agus
- an clár Maintaining Better Lives, a bhfuil sé mar chuspóir aige tacú le dul chun cinn leanúnach agus forás d'fhir atá ag fulaingt pianbhreitheanna níos faide i bpríosún agus a chinntiú go mbeadh plean glanchúraim ann ón bpríosún go tacaí pobalbhunaithe.

De bhreis ar an gclár Building Better Lives, tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann gafa faoi láthair le comhpháirtíocht le dhá ghrúpa pobalbhunaithe (le tacaíocht ó mhaoiniú ó na Cuntais Dhíomhaoine), le seirbhísí a fheabhsú dóibhsean atá ag fulaingt pianbhreitheanna do chionta gnéasacha. Tá an Granada Institute páirteach i soláthar seirbhísí breise i gCnoc an Arbhair, atá dírithe go háirithe orthu siúd a aistríodh le déanaí go dtí an ionad náisiúnta. In Institiúid Naomh Pádraig tá an Northside Inter-Agency Project (NIAP) páirteach i soláthar seirbhísí do dhaoine óga a bhfuil iompar gnéasach dochrach léirithe acu agus dá gcúraimeoirí. Ligeann na tionscnaimh seo do sheirbhísí inteagmhála a bheith ann mar aon le hábhar nasctha le tacú teirpeach pobalbhunaithe iarscaoilte.

I 2010 leathnaíodh cláir ghrúpabhunaithe a tugadh isteach i bPríosún an Chruithneachtáin i 2009 le tabhairt faoi ciontóireacht fhoréigneach i measc ciontóirí foréigneacha meánriosca agus ardriosca, le Practising Better Lives a tugadh isteach i Márta 2010. Chuir sé sin leis na grúpaí Exploring Better Lives Group agus Enhanced Thinking Skills

Bíonn mí-úsáid substaintí ina mórfhadhb ar theacht isteach sna príosúin agus ag cur san áireamh an bhaint lánchruthaithe le athchiontóireacht is toisc shuntasach choireachta é. Tá an tSeirbhís Síceolaíochta i bPríosún Mhuinseo tar éis athchóiriú a dhéanamh do chomhthéacs an phríosúin, ar chlar spreagtha ar bhonn feidhme agus taifeadtha d'úsáideoirí drugaí. Tá an clár seo bunaithe ar an tsamhail thrasteoiriciúil um athrú iompair agus ar phrionsabail na síceolaíochta iompair spreagthachta agus cognaíche. Seachadadh ceithre chlár dá leithéid i 2010, ina raibh 29 príosúnach páirteach agus rinne Merchants Quay Ireland comháisiú orthu.

Reachtáil an tSeirbhís Síceolaíochta raon leathan de ghrúp-idirghabhálacha freisin ar fud eastát na bpríosun a bhí dírithe ar thabhairt faoi shláinte intinne agus leas síceolaíochta príosúnach. Ar na cláir seo bhí: Laghdú Strusa Aireachasbhunaithe, Ceardlanna Sláinte Intinne, Bainistiú Feirge etc.

Tábla 4.2 – Grúpchláir á reachtáil ag an tSeirbhís Síceolaíochta 2010

Grúpaí 2010	Teideal Cláir	Líon Seisiún	Líon Lucht Páirtíochta
Cnoc an Arbhair	Exploring Better Lives	107	56
	Practicing Better Lives	131	39
	Maintaining Better Lives	12	5
Príosún Chorcaí	Laghdú Strusa Aireachasbhunaithe	9	11
Ionad Dóchais	Laghdú Strusa Aireachasbhunaithe	21	15
	Bainistiú Caidreamh	1	4
	Bainistiú Codlata	1	2
	Bainistiú Dúlagair	1	9
Muinseo	Bainistiú Strusa	1	11
	Teirpe um Fheabhsú Spreagthachta (MET)	26	29
	Bainistiú Feirge	12	10
Institiúid Naomh Pádraig	Bainistiú Strusa	12	13
	Grúpa Foráis Phearsanta	2	12
	Bonnlíne – Bainistiú Strusa	6	16
	Bonnlíne – Mí-úsáid Substaintí	6	15
	Tionscnamh Bonnlíne – Ionbhá	7	16
	Bonnlíne - Caidrimh	6	10
	Bonnlíne – Gnéasacht shláintiúil	6	17
Tionscnamh Bonnlíne – Ciontóireacht	6	12	
Aonad Oiliúna	Bainistiú Feirge	12	10
	Ullmhú do Scaoileadh	3	9
Cruithneachtán	Enhanced Thinking Skills	23	22
	Exploring Better Lives	46	24
	Practising Better Lives	67	10
	Bainistiú Strusa	1	9
Iomlán		525	386

Tá Córas Rianadóireachta na Seirbhíse Síceolaíochta (PCTS) a tugadh isteach i 2009 ag feidhmiú go héifeachtach i gcónaí. Éascaíonn an córas seo eagrú agus monatóireacht ar chiontóirí ó liostaí feithimh go measúnú go hidirghabhail go clabhsúr cáis. Is mór an taca é do bhainistiú agus forás na seirbhíse, chomh maith le bunachar sách mór a chur ar fáil ar mhaithe le taighde.

Cosc ar Fhéindochar

Tháinig Grúpa Stiúrtha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann um Fhéindochar agus Bás i nDaonra na bPríosún le chéile ar cheithre ócáid i 2010. Cuireann an Grúpa an cleachtas is fearr chun cinn i gcosc féindochar agus, nuair is gá, freagairt d'fhéindochar agus bás i ndaonra na bpríosún. Chomh maith leis sin scrúdaíonn grúpaí ildisciplíneacha i ngach institiúid tosca gach báis faoi choimeád agus is fóram é an Grúpa Stiúrtha lena dtuairiscí a chóimheas agus cinntí suntasacha a scaipeadh ar fud chóras na bpríosún.

Bhí 11 mbás faoi choimeád i 2010. Ag deireadh na bliana, Bhí éisteacht cróinéara tar éis a bheith ann i gcás amháin agus glacadh le fíoras de mhíthapa. Táthar ag

fanacht ar éisteachtaí cróinéara sna cásanna eile. Glacadh le fóirasc i 5 éisteacht chróinéara a reachtáladh i 2010 maidir le tarlúintí sna blianta roimhe. Glacadh le fóirasc d'fhéinmharú ag 2 cheann de na héisteachtaí, agus ba iad bás nádúrtha, míthapa agus fóirasc inste an bhreith sa 3 cinn eile.

Athimeascadh -- Easpa dídine

Is toisc bhunúsach é in athshlánú rathúil dídean cuí agus inteagmhála tar éis scaoilte. Tá sé bunúsach maidir le fostaíocht, tacaíocht teaghlaigh agus bainistiú airgid a choinneáil i gceart. Fadhb leanúnach í easpa dídine i measc iarphríosúnach. Le linn 2010, lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann dá hionadaíocht ar an bhFoireann Thrasrannach um Easpa Dídine, an Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Easpa Dídine, Bord na Gníomhaireachta um Easpa Dídine agus réimse d'fhóiraim eile le cás na bpríosúnach a chur chun cinn. Le linn 2010, bhí ionadaíocht ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann freisin ar sheacht gcinn d'Fhóiraim Chomhairliúcháin Réigiúnacha um Easpa Dídine a bunaíodh faoi Acht na nDaoine gan Chónaí (Foráileacha Ilghnéitheacha) 2009.

Lean Aonad na nDaoine gan Dídean de Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dá sheirbhís inteagmhála leasa pobail i 10 bpríosún. Seachadaíonn an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann an tseirbhís seo i bpáirt lena chéile agus cinntíonn sé go mbíonn teacht ag príosúnaigh a bhíonn i mbaol a bheith gan dídean tar éis a scaoilte, ar chóiríocht agus tacaíocht ioncaim. Léiríonn an staidreamh do 2010 gur tháinig 939 príosúnach i dtír ar an tseirbhís seo.

Leanadh de sheirbhís phiolótach Focus Ireland um easpa dídine i bpríosún Chnoc Seimre i 2010, ag soláthar seirbhís bainistithe cáis agus réamhlonnaíochta do phríosúnaigh ar athchur gan dídean. Tacaíonn an tseirbhís leis an lucht páirtíochta teacht ar sheirbhísí agus cóiríocht chuí ar an mbealach i dtreo maireachtáil go neamhspleách. Tacaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis an tionscnamh seo. Faoi dheireadh na bliana, bhí 121 príosúnach tar éis teacht i dtír ar an tseirbhís ó cuireadh tús léi i Meán Fómhair 2007. Soláthraíonn Focus Ireland seirbhísí tacaíochta do phríosúnaigh gan dídean i bpríosúin Chorcaí agus Luimnigh. Faoi dheireadh 2010, bhí 90 athcur curtha ar aghaidh chuig an tseirbhís agus bhí an bheirt oibrí tionscnaimh ag plé le 59 cliant i rith na bliana.

Seirbhísí Leabharlainne

Tá leabharlann ar fáil i ngach príosún. De ghnáth cuirtear seirbhísí leabharlainne ar fáil i gcomhar leis na húdaráis áitiúla chuí. Faoi láthair tá 6 leabharlannaithe lánaimseartha agus triur páirtaimseartha atá fostaithe faoi choimirce na n-údarás áitiúla faoi seach imlonnaithe i leabharlanna príosúin. Baintear feidhm freisin as oifigigh phríosúin mar oifigigh leabharlainne i ngach príosún agus bíonn páirt bhunúsach acu i seirbhísí a chur ar fáil sa tráthnóna agus ag deireadh seachtainí.

Leanadh le hiarrachtaí comhbheartaithe líon na leabhar a chuirtear ar fáil i dteangacha seachas an Béarla a mhéadú. le freastal ar an líon níos mó agus níos mó de neamh-Éireannaigh atá faoi choimeád. Baineadh feidhm as acmhainní freisin le méadú a dhéanamh ar líon na gclosleabhar agus ábhar leabhar soléite. Tá an tseirbhís leabharlainne ag coinneáil ar aghaidh le dul chun cinn sa phobal amuigh sna cúrsaí seo. Is mór againn í tacaíocht na leabharlann contae sa chúram seo.

Séiplínigh

Tá 20 séiplíneach lánaimseartha agus 9 páirtaimseartha ann ón Eaglais Chaitliceach Rómhánach, Eaglais na hÉireann agus ón Eaglais Mheididisteach. Bíonn na séiplínigh freagrach as cúram aoireachta agus spioradálta na bpríosúnach, beag beann ar a n-aicme creidimh, agus tugann siad faoin obair le cur chuige iomlánaíoch. Is féidir le séiplínigh ó eaglaisí eile teacht isteach sna príosúin mar chuairoteoirí. Freastalaíonn ceannairí áitiúla na nIoslamach ar riachtanais na bpríosúnach Ioslamacha.

Cé go n-aithníonn siad neamhspleáchas a gcúraim, oibríonn na séiplínigh taobh istigh de chreat ildisciplíneach na bpríosún agus freastalaíonn siad ar chruinnithe agus ar cháschruinnithe a eagraítear sna príosúin. Seastar i gcónaí le rúndacht a gcúraim agus cuireann sé seo le sainiúlacht a n-oibre. Tugann na séiplínigh cuairt ar phríosúnaigh i ngach cuid den phríosún ar bhonn laethúil. Déanann siad iarracht casadh le príosúnaigh a luaithe agus is féidir tar éis cimithe agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhfuiltear ar tí a bheith scaoilte saor. Caitheann siad am le daoine ag tráth méala agus cailliúna agus coinníonn said teagmháil le teaghlaigh trí ghlaonna teileafóin, cruinnithe agus cuairteanna baile.

Caibidil 5

Seirbhísí Sláinte do Phríosúnaigh

Is é is cuspóir don tseirbhís sláinte a chinntiú go mbíonn teacht ag príosúnaigh ar an gcaighdeán agus réimse céanna de sheirbhísí sláinte agus atá ar fáil dóibh siúd atá i dteideal Seirbhísí Liachta Ginearála sa phobal ag cur san áireamh na srianta a bhaineann lena gcoimeád. Bíonn tábhacht leis na seirbhísí seo maidir le sláinte fisiciuil agus intinne na bpríosúnach a shlánú, forás pearsanta ón taobh istigh a spreagadh, agus iad a ullmhú le haghaidh athimheascadh sa phobal nuair a scaoiltear saor iad.

Meastar go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn leanúnachas cúraim ag príosúnaigh beag beann ar athruithe móra ina dtosca. Bíonn sé riachtanach leanúnachas cúraim a chinntiú idir an príosún agus an pobal nuair a bhítear ag tacú le héifeachtúlacht idirghabháilacha a seoladh sa suíomh eile.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tugtha do chur chun cinn gníomhaíochtaí éifeachtacha idirdhisciplíneacha agus idirghníomhaireachtaí agus d'fhorbairt na socruithe teagmhála le soláthróirí reachtúla agus gníomhaireachtaí deonacha pobail.

Tá an tSeirbhís Phríosúin tar éis infheistíocht ollmhór a dhéanamh le blianta beaga anuas leis na hearnálacha cliniúla sna príosúin a fheabhsú. Tá áiseanna leighis feabhsaithe ina gcuid bhunúsach de chlár nua thógála sna príosúin. Tá áiseanna cúraim phríomhúil feabhsaithe sna bloic nua i bPort Laoise agus i gCruithneachtán a seoladh le déanaí. Táthar tar éis athfhorbairt iomlán a dhéanamh ar na lialanna i bpríosúin Luimnigh agus Mhuinseo de thoradh ar chlár fairsing athchóirithe. Tá athchóiriú na lialainne i bPríosún Chorcaí faoi lánseol i láthair na huaire agus tá obair athchóirithe á críochnú ar an lialann i bPríosún an Chaisleain Riabhaigh. Rinneadh athchóiriú iomlán ar na lialanna fiaclóireachta i dTeach an Locháin agus i gCnoc an Arbhair i 2010. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tiomnaithe ag leibhéal corporáideach do leanúint le huasghrádú áiseanna liachta ar bhonn leanúnach ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil.

Tá soláthar cúraim sláinte pobail ag dul faoi phróiseas 'creidiúnaithe' a éilíonn feabhsuithe soiléire ó thaobh ciaghdeáin agus luach airgid de. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tar éis an clár oibre níos leithne seo a ghlacadh chuige féin maidir le cúram sláinte agus táimid ar ár ndícheall an cuspóir corporáideach fógartha de chomhchéim leis an bpobal a bhaint amach ar na bealaí is nuálaí, is éifeachtaí agus is fearr ó thaobh luach airgid de. Is dúshlán é maidir leis an gcuspóir seo go bhfuil príosúnaigh ann atá aitheanta i ndoiciméid straitéise sláinte a bhfuil easnaimh mhóra sláinte orthu i comparáid le “meánstádas” sláinte an daonra trí chéile agus ar cheart, mar sin, iad a áireamh i gcatagóir na “riachtanas speisialta”.

Altranais

Leanann an Stiúrthóireacht Sláinte d'uasmhéadú ar idirghabhálacha altranais ar mhaithe le trácht amach ó na príosúin a íosmhéadú, fad is atá sé ag soláthar cúraim ardchaighdeán dóibhsean a bhfuil idirghabhálacha cúraim sláinte de dhíth orthu. Tháinig an fhoireann i dtír go maith ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó bhainistiú ar Phaindéim (H1N1) i 2009 maidir le tuiscint níos fearr a bheith ag an bhfoireann agus ag príosúnaigh i gcúrsaí coisc

ionfhabhtuithe agus bearta rialaithe. Is gnáthnós anois é go n-úsáidtear díghalráin antaiseipteacha lámh.

Mar thoradh ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le Stiúrthóir Seirbhísí Altranais Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (HSE) maoiníonn an HSE freastal roinnt altraí príosúin ar Chúrsa Altraí um Ordú Oideas agus tacaíonn sé leo. Tá cáilíocht bainte amach ag altra amháin i gCnoc na Seimre agus duine eile faoi oiliúint, agus thosaigh 3 altra i Muinseo, 2 in Institiúid Naomh Pádraig agus an Príomh-Oifigeach Altrachta in Dóchas ar oiliúint i 2010.

Is é an próiseas cimithe do phríosúnaigh an tosaíocht don fhoireann altranais i gcónaí agus i 2010 bhí dul chun cinn níos mó leis an bpríomhuirlis scanta tosaigh a bhí in úsáid agus a thug bunachar níos mine maidir le sláinte intinne agus fhisiciúil na bpríosúnach, rud atá riachtanach maidir le bainistiú riosca. Leanann an tseirbhís fhleibiotóime de thairbhe a déanamh trí trácht amach as na príosúin a laghdú, mar aon le teacht a bheith ag príosúnaigh ar thástáil fháthmheasach níos fearr.

Tá leathnú déanta go Teach na gCanónach agus Cnoc na Seimre ar an tioscnamh a thosaigh an Bainsteoir Altranais sa Chruinneachtán i 2009 i gcomhar leis an gCoiste Gairmoideachais agus Cumann na Croise Deirge, a d'oil grúpa príosúnach mar Oibrithe Deonacha Croise Deirge. Bhí iliomad buntáistí ag baint leis an gcur chuige piartheagaisc seo; ghlac príosúnaigh níos éasca le heolas óna bpiaraí agus ba mhó an seans go ndéanfaidís dá réir; léirigh an grúpa féin feabhsú ar fhéinmheas agus fonn cuidiú lena bpiaraí agus leis an bhfoireann i bpobal an phríosúin.

Cóireáil Drugaí

Leanann Seirbhís Phríosúin de mhéadú agus forleathnú cóireála speisialtóireachta. i ngach príosun ina bhfuil ardéileamh ar sheirbhísí cóireála drugaí.

I gcomhthéacs náisiúnta na cóireála drugaí tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tar éis cúram a dhéanamh de bhreis agus 20% d'iomlán na ndaoine a chuaigh faoi chóireáil trí mheatadón a mhalartú le hopáidí (díthocsainiú, cobhsú nó cothabháil). Léiríonn Tábla 5.1 thíos an líon príosúnach a chuaigh faoi chóireáil mheatadóin ó 2000.

Bliain	Líon na bPríosúnach
2000	65
2001	859
2002	1063
2003	1477
2004	1144
2005	1564
2006	1363
2007	1840
2008	2014
2009	2424
2010	2424

Tábla 5.1 – Líon na bPríosúnach a chuaigh faoi Chóireáil Ionadaíochta Ópáidí le Meatadón (díthocsainiú, cobhsú, cothabháil)

Léiríonn an tábla thuas méadú 9% idir 2007 agus 2008. De réir staidreamh 2009 bhí méadú 20% breise ar fhigiúirí 2008. Is ionann an méid daoine a bhí faoi chóireáil dhrugaí i 2010 agus a bhí i 2009. Is dúshlán suntasach é do na seirbhísí sláinte sna príosúin seachadadh Seirbhísí Cóireála Drugaí agus leanúnachas cúraim a chinntiú do phríosúnaigh ag teacht isteach agus fadhbanna andúlachta acu. Léiríonn na figiúirí i dtábla 1 agus tábla 2 (a chuir

an Lár-Liosta Cóireála ar fáil) go bhfuil méid áirithe de léibheannú i gceist sa líon atá ar thóir cóireála i Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Is ceart a thabhairt faoi deara go bhfuil a leithéid de chobhsú sa líon daoine faoi chóireáil go náisúnta , le gan ach 100 breise sa bhliain.

Léirítear an méadú bliain ar bhliain ar an líon príosúnach atá faoi chóireáil mheatadóin. Líon na bpríosúnach nua a chuaigh faoi chóireáil mheatadóin gach bliain. I 2007 chuaigh 185 príosúnach faoi chóireáil mheatadóin, figiúir a mhéadaigh go 241 i 2008 agus go 266 i 2009. Ba é 190 líon na bpríosúnach nua a chuaigh faoi chóireáil mheatadóin.

Ós rud é go mbíonn líon mór príosúnach ar thóir seirbhísí cóireála drugaí, déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann réimse cuimsitheach de sheirbhísí dá leithéid a chur ar fáil i bpríosúin iata, ina bhfuil éileamh mór ar sheirbhísí cóireála drugaí. Bíonn inchur suntasach iltoiseach ó raon leathan de sheirbhísí ginearálta agus speisialaithe i gceist le cláir athshlánúcháin ó dhruaí, seirbhísí a chuirtear ar fáil ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar aon le heagraíochtaí idir reachtúil agus neamhreachtúil. I gcás príosúnach a bhíonn páirteach i gclár ionadaíochta meatadóin agus iad á gcimiú, leantar de ghnáth lena gcóireáil ionadaíocht mheatadóin agus iad faoi choimeád. Tá cóireáil ionadaíochta meatadóin ar fáil in ocht gcinn de na 14 príosúin agus ionaid choinneála (ina bhfuil breis agus 80% de dhaonra na bpríosún).

Soláthraíonn an Fheidhmeannacht Seirbhísí Sláinte seirbhísí andúile comhairleoirtheoraithe inteAGMHála do Chnoc na Seimre, Cruithneachtán agus Ollionad Mhuinseo. Ceapadh liachleachtóir ginearálta agus spéis ar leith aige sna seirbhísí andúile d'ollionad Lár Tíre/Phort Laoise go luath i 2010 le héascú a dhéanamh ar sheirbhísí cóireála drugaí.

Tá seirbhísí cógasaíochta um chóireáil drugaí ar fáil anois i bPríosúin Mhuinseo, Dhóchals, Lálr Tíre agus Phort Laoise. Ó Bhealtaine 2010 i leith, is iad na poitigéirí atá freagrach as gach gné d'oidis um chóireáil drugaí (meatadón is mó) chomh maith le riaradh, taifeadadh, ordu, stóráil etc sna príosúin sin, rud a chiallaíonn go soláthraítear cóireáil drugaí ar bhonn a bhíonn ar aon dul leis an gcóireáil a bhíonn ar fáil i measc an phobail agus go gcloítear le gach ceanglas dlí agus gairmiúil. Oibríonn na poitigéirí mar chuid den bhfoireann ildisciplíneach áitiúil andúile, agus soláthraíonn siad seirbhís 365 lá.

Cuireadh críoch i 2010 le próiseas tairiscintí do sheirbhísí comhairleoireachta andúile nuair a rinneadh conradh 3 bliana le Merchants Quay Ireland. Cinntíonn an tseirbhís comhairliúcháin andúile go mbíonn rochtain thart fá 1,000 uair an chloig sa tseachtain ag príosúnaigh ar chomhairliúchán andúile. Cuireann Merchants Quay Ireland seirbhís náisiúnta chomhairliúcháin andúile ar fáil do phríosúnaigh a mbíonn fadhbanna drugaí agus alcóil acu, i bpríosúin agus áiteanna coinneála sa chás go dteastaíonn a leithéid de sheirbhís ó phríosúnaigh.

Sláinte Mheabhrach

Tá drochthinneas meabhrach níos forleithne go mór i measc príosúnach i gcomparáid leis an bpobal trí chéile. Soláthraíonn an tSeirbhís Sláinte Mheabhrach Fhoireinseach de chuid an Ospidéal Lárnaigh Mearbhaill (CMH) 20 seisiún comhairleoirtheoraithe inteagmhála in aghaidh na seachtaine trí réamhchoinne i bpríosúin uile Bhaile Átha Cliath agus freisin i bPríosúin Phort Laoise agus Lálr Tíre. Tá seirbhísí speisialtóireachta inteagmhála ar fáil do sheisiúin sláinte intinne comhairleoirtheoraithe sna príosúin eile.

Leanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann d'éascú a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil tinneas meabhrach orthu a bhogadh amach ón gCóras Ceartais Choiriúil. Féachann an córas

atreoraithe chuige chomh fada agus is féidir, go ndéantar iad a chur ar aghaidh le haghaidh le haghaidh cóireála cuí, agus iad ag teacht faoi bhráid na gcúirteanna, nó go deimhin ag céim níos luaithe den chóras ceartais choiriúil, nuair is léiriú é an cion ar thinneas meabhrach bunúsach. Déanann an fhoireann sláinte gach iarracht daoine a aithint agus a mheasúnú a bheadh i mbaol ó thaobh sláinte intinne de agus iad a chur ar aghaidh chuig seirbhísí cúraim phríomhúil agus thánaisteach. Leantar d'fheabhsú seirbhísí sláinte meabhraí i ngach príosún.

Seirbhís Heipitíteas C

I 2010 rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann comhaontú leis an Roinn Heitítis, Ospidéal San Shéamais le go mbeadh Seirbhís Heipitíteas C comhairleoirtheoraithe i bPríosúin Mhuinseo agus an Chruithneachtáin faoi cheannas Speisialtóir altra Cliniciúil ar an láthair. Is feabhas suntasach é seo ar an tseirbhís ó bíonn teacht níos éasca ag príosúnaigh ar chóireáil. Is éifeachtaí é an tairbhe don othar agus d'oibriú agus bainistiú acmhainní na bPríosún soláthar clinici taobh istigh de na príosúin.

Seirbhísí Cógaisíochta

Le linn 2010 bhí seirbhísí cógaisíochta gairmiúla ar bun anois i ngach earnáil de gach príosún. Ciallaíonn soláthar na seirbhíse seo go bhfuil teacht ag gach príosúnach ar sheirbhísí cógaisíochta gairmiúla, ar bhonn atá comhchothrom lena bhfuil ar fáil i measc an phobail i gcoitinne, ag cur san áireamh na constaicí a bhíonn i gceist le forchoimeád. Tá idir na gnéithe teicniciúla (soláthar) agus gairmiúla (cúram gairmiúil) ar fáil de réir conarthaí comhaontaithe.

Bíodh is go gcinntítear go ndéantar gach oideas a bhreithniú agus a sheiceáil ag poitigéir agus go ndáiltear é ar bhonn an othair aonair, tacaíonn teacht isteach seirbhísí cógaisíochta cúram seasta níos éifeachtaí, ó cuirtear cógais dáilte gach príosúnaigh ar aghaidh in éindí leis/leí nuair a aistrítear é/í go príosún eile, rud a chinntíonn go mbeidh leanúnachas i gcóireáil riachtanach. Ar an dul céanna, is féidir cógais dáilte príosúnaigh a thabhairt dó/di tráth a scaoilte go buan nó go sealadach rud a chinnteoidh leanúnachas cóireála riachtanaí go dtí go mbeidh deis aige/aici plé le seirbhísí sláinte pobail.

I 2010, agus na conarthaí tosaigh um sheirbhísí poitigéireachta ag teacht chun críche, reachtáladh comórtas tairiscintí le haghaidh soláthair seirbhísí poitigéireachta gairmiúla do Phríosúin Chruithneachtáin, Chnoc na Seimre, Láir Tíre agus Phort Laoise. Bhí rath ar an gcomórtas tairiscintí agus dámhadh conarthaí nua a thainig i bhfeidhm i Márta 2010.

Éascaíonn soláthar seirbhísí gairmiúla poitigéireachta teacht isteach I-Seilbh (I/P) agus tacaíonn sé leis, i.e. córas ina dtugtar soláthar seachtaine dá riar de chógais leighis do phríosúnaigh oiriúnacha tar éis measúnaithe baoil. Síníonn an príosúnach conradh agus glacann sé/sí ansin lánfhreagracht as stóráil agus bainistiú a c(h)ógais leighis, agus as cloí leis an dáileogacht faoi mar a ordáíodh. Le linn 2010, tugadh I/P isteach ar bhonn céimnithe i bPríosúin Phort Laoise, an Chruithneachtáin agus an Chaisleáin Riabhaigh. Bhí sé mar thoradh air sin gur thug na príosúnaigh sin aire níos fearr dá sláinte rud a chuidíonn lena n-ullmhú do lá a scaoilte.

Leanadh le linn 2010 leis na socruithe le Seirbhís Náisiúnta na Slabhra Fuaire de chuid an HSE le haghaidh soláthar na vaicsíní uile (vaicsín H1N1 san áireamh) do gach príosún, ar mhaithe le cóireáil na bPríosúnach, rud a chinntíonn go mbeidh na vaicsíní uile ar fáil agus teacht orthu de réir mar a theastaíonn.

Dámhadh Conradh nua i gcomhar leis an HSE go luath i 2010 le haghaidh soláthar meatadóin do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Cinntíonn sé seo go mbeidh an costas is ísle is féidir ar mheadóin ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, chomh maith lena chinntiú go mbeidh leanúnachas soláthair ann agus soláthar ar na seirbhísí riachtanacha tacaíochta.

Aonad Daoine Leochaileacha/ Aonad Ardtacaíochta

I mí na Nollag 2010 seoladh Aonad Daoine Leochaileacha (VPU), áis 9 leaba, san Aonad Leighis i bPríosún Mhuinseo. Cuireann an t-aonad seo inchur saineolaíoch, tacúil garthéarmach ar fáil do phríosúnaigh a bhíonn ag fulaingt tréimhse géarchorraile de thinneas meabhrach nó a mbíonn faireachán níos mó uathu do thinneas fisiciúil, a mbíonn baol níos mó ag gabháil leis. Cuireann an VPU comhshaoil rialaithe agus tacúil níos fearr ar fáil do phríosúnach leochaileach mar idirghabháil garthéarmach.

Cosaint Leanaí

Faoi Rialacha na bPríosún 2007, is féidir leanbh níos óige na 12 mhí d'aois a ligint isteach sa phríosún agus fanacht leis an mháthair go dtí go mbíonn an leanbh 12 mhí d'aois.

Tar éis dul i gcomhairle leis an HSE, a bhfuil freagracht fhoriomlán orthu as measúnú agus bainistiú ceisteanna a bhaineann le cosaint leanaí, tá Seirbhís Phríosúin tar éis Oifigeach Cosaint Leanaí a cheapadh d'Ionad Dóchais agus Grúpa Ildisciplíneach Dhóchais um Chosaint Leanaí a bhunú ina bhfuil Bainisteoir Cúraim Leanaí ainmnithe ag an HSE. Is é is feidhm don ghrúpa seo aontú ar nósanna imeachta agus prótacail le cosaint agus leas na bpáistí ag Ionad Dóchas a dhaingeanú.

Córas Bainistíochta Sláinte na bPríosúnach

I 2009 socraíodh Córas Taifead Liachta na bPríosúnach (PMRS) a athscríobh, ag baint leas as acmhainní inmheánacha, le go mbeadh smacht iomlán ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar a fheidmiú agus go mbeadh laghdú costas mar thoradh air sin, agus san am céanna go mbeadh feabhsú ar nascleanúint agus ar éascaíocht úsáide.

Bunaíodh Grúpa Sainúsáideoirí, ar a raibh gairmiúlaigh shláinte, leis an tionscnamh seo a treorú. Ar 31 Bealtaine 2010 seoladh Córas Bainistíochta Sláinte na bPríosúnach (PHMS). Bíodh is nach raibh gceist anseo i dtosach ach athscríobh ar PMRS, d'éirigh linn méid áirithe de ghnéithe nua a thabhairt isteach, agus tá córas feabhsaithe de thoradh air sin le feidhmiúlacht bhreise. Tacaíonn an córas seo le coinneáil taifead liachta gach príosúnaigh, atá inteagmhála ar fud shuíomh na bPríosún de réir mar is gá. Eisíodh dhá uasghrádú eile i 2010, agus tá obair faoi lánseol don chéad eisiúint i 2011. Tá sé pleanáilte go dtabharfar isteach scanáil i 2011, agus feicfear ansin forás ar thaifead sláinte leictreonach aontaithe aonair do gach príosúnach.

Athbhreithnithe ar Chúram Príomhúil

D'fhostaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann athbhreithneoirí neamhspleácha le tabhairt faoi mheasúnú ar chúram príomhúil i bPríosún Láir Tire, Chorcaí & Mhuinseo ag eascirt as buarthaí a tarraingíodh anuas ag an gCoiste Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pianos atá Mídhaonna a Chosc (CPT) tar éis a gcuairte go luath i 2010. Rinneadh coimisiúnú scoite amach uaidh sin freisin ar athbhreithniú ar ghnéithe den chóireáil dhruagaí i ngach ceann den trí phríosún thuasluaite, ag eascirt as buarthaí an CPT.

Tá na hathbhreithnithe seo uile i gcrích anois. Beidh méid mór oibre de dhíth leis na moltaí ag éirí as na tuarascála maidir le cúram príomhúil a chur i bhfeidhm, moltaí ar féidir go ginearálta iad a rangú faoi na ceannteidil seo leanas: casmhaireachtaí príosúnach, ceisteanna altranais, ceisteanna liachta, ceisteanna poitigéireachta, ceisteanna comhshaoil agus cúraimí atá le réiteach ag an Stiúrthóireacht Sláinte. Táthar imithe i mbun oibre cheana féin ar thabhairt faoi cheisteanna ar leith agus tá grúpa oibre le feidhmiú na moltaí a thabhairt ar aghaidh ag brath, i gcásanna áirithe, ar na hacmhainní a bheith ar fáil.

Caibidil 6

An Eastát Príosúin

Leanadh le clár tógála agus athmhaisithe na bpríosúin le linn 2010 le réimse de thionscnaimh phríosúin le cóiríocht agus áiseanna a fheabhsú do phríosúnaigh agus d'fhoireann araon sna príosúin agus sna hionaid choinneála. Bhí na tionscnaimh chaipitil seo leanas idir lámha nó á gcríochnú le linn 2010

Tionscnamh Phríosúin Bhaile na Sceach

Tá an tionscnamh campais phríosúin ag Halla Bhaile na Sceach,, Cill Shalcháin, Contae Bhaile Átha Cliath ag dul ar aghaidh ar bhonn céimnithe. Is é atá i gcéim a haon na hoibreacha riachtanacha réamhullmhúcháin agus bonneagair le tacú le forbairt príosúin agus cuimsíonn sé tógáil bóthair rochtana ar leith, na seirbhísí seachshuímh (uisce agus salú, seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide) agus tógáil balla imill slándála, fáil imlíne ardslándála, bóthar imlíne agus oibreacha coimhdeacha don phríosúin.

Dámhadh conradh le haghaidh tógáil an bhóthair rochtana agus an t-íosbhealach le freastal ar an tionscnamh príosúin le linn an tsamhraidh agus tosaíodh ar an obair thógála i mí Lúnasa. Beidh an obair thógála i gcrích i bhfómhar 2011 de réir sceidil. Tosaíodh le linn na bliana ar chomórtas le haghaidh soláthair dhearadh agus tógáil an bhalla imill slándála, an fháil imlíne ardslándála, an bhóthair imlíne, an stáisiún caidéal salaithe, agus tírdhreachaithe breise agus tar éis gearrliostaithe, tugadh cuireadh do chúig chuideachta tairiscintí a dhéanamh don obair seo. Tá na tairiscintí le bheith ar ais go luath i 2011 agus déanfar measúnú orthu ansin. Is gné lárnach den bhonneagar é dearadh agus tógáil an bhalla imlíne slándála, an fháil ardslándála, an bhóthair imlíne agus obair slándála a ghabhann leo siúd le forbairt an phríosúin a éascú. Cuimsíonn sé freisin obair thírdhreachaithe chuí le tionchar radhairc an tionscnaimh phríosúin ar an gceantar máguaird a mhaolú de réir an Cheada Pleanála..

Comhuaineach le hobair chéim a haon, chuaigh Foireann Thionscnamh Bhaile na Sceach ar aghaidh le máistirphlean nua a chur le chéile do champas an phríosúin le cúnamh óna comhairleoirí teicniúla, Oifig na n-Oibreacha Poiblí. Tar éis chinneadh an Rialtais i mí Iúil 2010, tá an tSeirbhís Phríosúin ag dul ar aghaidh leis an gcampas príosúin ag Baile na Sceach a fhorbairt ar bhonn céimnithe ag baint leas as an soláthar agus an maoiniú traidisiúnta. Is í an tosaíocht cóiríocht phríosúin ardchaighdeáin, réimeasdírithé a sholáthar ag campas príosúin Halla Bhaile na Sceach chomh luath agus is féidir. Soláthróidh céim a dó 400 cillín a bheas in ann cóiríocht a chur ar fáil do suas le 700 príosúnach. Beidh soláthar i gcéimeanna a trí agus a ceathair ar an 1,000 cillín breise, is é sin iomlán de 1,400 cillín a mbeidh an cumas iontu glacadh le 2,200 príosúnach. Tá roghanna deartha éagsúla á gcur chun cinn ag Foireann Thionscnamh Bhaile na Sceach agus meastar go ndéanfar iad siúd a thabhairt chun críche go luath san Athbhliain. Sa bhliain atá romhainn feicfear seoladh an chomórtais soláthair do na foirgnimh phríosúin leis an intinn go mbeadh an príosúin i mbun oibre faoi 2014.

Tionscnamh Phríosúin Réigiúnach na Mumhan

Cuireadh an cás gnó le haghaidh soláthair príosúin nua réigiúnaigh i gCill Uird, Contae Chorcaí i dtoll a chéile tríd is tríd i 2010. Bhí réamhphlé ann le Comhairle Contae Chorcaí maidir le soláthar seirbhísí ar an suíomh agus thángthas ar chomhaontú leis an Roinn Cosanta maidir le haistriú úinéireachta ar an suíomh 160 acra.

Cuireadh an tionscnamh ar fionraí i mí Dheireadh Fómhair go dtí go mbeadh soiléiriú ann maidir lenár staid maoinithe chaipitil do thionscnamh chomh mór leis sin.

Príosún an Chruithneachtáin

Seoladh bloc nua I gCruithneachtán i lár 2010 atá tar éis 200 ionad a chur ar fáil. I ngach cillín tá cíoith, séarachas iomlán i-gcillín, córas asrédóra, teilifíseáin agus córais ghlaio éigeandála.

Tá Ionad Liachta ann freisin le háis fiacloireachta chomh maith le hIonad Iontrála príosúnach. Cuireadh críoch freisin i 2010 le háis chistine le freastal ar an bPríosún iomlán. Tá láthair nua chuairteoirí á tógáil agus beidh sí réidh go luath i 2011.

Príosún Láir Tíre

Tosaíodh ar obair maidir le síneadh bloc cillíní nua a phleanáil ag an bPríosún Láir Tíre. Bhí comórtas tairiscintí ann i mí Iúil 2010 agus ceapadh conraitheoir nua. Cuirfidh an áis 300 spás ar fáil, b'fhéidir, chomh maith le cistin phríosúin agus feabhsuithe ar na láithreacha cistine, oiliúna oibre, oideachais, agus iontrála. Táthar ag súil leis go mbeidh an bloc críochnaithe réidh faoi dheireadh Meitheamh 2012..

Aonad Scarúna Phríosún Mhuinseo

Críochnaíodh athmhaisiú an Aonaid Scarúna i bPríosún Mhuinseo i 2010 rud a chuir spás ar fáil do 56 príosúnach. Tá áiseanna séarachais i-gcillín iomlána ag na cillíní athchoimisiúnaithe.

Príosún Luimnigh

Rinneadh athchóiriú iomlán ar 14 chillín a bhí imithe ó úsáid in eite bhaineannach Phríosún Luimnigh. Cuireadh áiseanna leithris isteach i ngach cillín acu. Cuireadh áiseanna oiliúna oibre ar fáil freisin san eite bhaineannach.

Príosún Chorcaí

Cuireadh tús le hobair go déanach i 2010 ar thógáil foirgnimh sláinte nua i bPríosún Chorcaí a mbeidh áiseanna cúraim sláinte ann a bheas feabhsaithe go suntasach.

Ionad Dóchais

Dámhadh conradh go déanach i 2010 le go gcuirfí ar fáil 70 spás breise do phríosúnaigh bhaineannacha in Ionad Dóchais taobh istigh d'ollionad Mhuinseo. Is é a bheas sa chóiríocht seomraí iláitíochta le séarachas i-seomra agus áiseanna ceatha. Tá sé leagtha amach go dtosófar ar an obair déanach i mí Aibreáin nuair a bheas oibreacha riachtanacha cumasúcháin eile i gcrích. Meastar go mbeidh an tionscnamh seo i gcrích faoi dheireadh Iúil 2010. Cuirfear áiseanna suntasacha oiliúna oibre/oideachais ar fáil freisin.

Nasc Físeáin

Cuireadh tús go déanach i 2010 ar thógáil seomra naisc físeáin príosún-cúirt i bPríosún Chorcaí. Beidh coigealtas suntasach maidir le costais iompair príosúnach don tSeirbhís Phríosúin agus don Gharda Síochana araon mar thoradh ar an áis seo agus tá sé i gceist go mbeidh sé críochnaithe go luath i 2010.

Bhí dul chun cinn i 2010 maidir le pleananna áiseanna naisc físeáin a chur ar fáil sa chuid eile de na príosúin iata agus faoi dheireadh na bliana bhí comórtas tairiscintí seolta ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann le go soláthrófaí na háiseanna seo i bPríosún Mhuinseo, in Ionad Dóchais, agus in Institiúid Naomh Pádraig.

Inis Píc

Rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann díchoimisiúnú ar phríosún Dhún an Mhístéalaigh i 2004. Tugadh Dún an Mhístéalaigh ar lámh go hoifigiúil do Chomhairle Contae Chorcaí in Aibreán 2010.

Sláinte agus Sábháilteacht

Faoi threoir ón Fhoireann Feidhmeannachta Sláinte agus Sábháilteachta (EMT), seoladh go foirmiúil i 2010 i ngach suíomh príosúin an Córas Bainistíochta Sábháilteachta OHSAH 18001, córas bainistíochta sábháilteachta atá creidiúnaithe go hidirnáisiúnta

D'éirigh le Príosúin Láir Tíre agus Phort Laoise chomh maith le hlonad Oiliúna agus Forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann creidiúnú neamhspleách a bhaint amach ar an gcóras OHSAH 18001 ó Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

Bronnadh Gradam an Taoisigh ar an Trealamh Sciobtha Tarrthála Cillín (CSRE) faoi Scéim Feabhais na Seirbhíse Poiblí, comhartha aitheantais ar an obair dhian a rinneadh agus an CSRE á fhorbairt – chomhfhiontar idir Seirbhísí Príosúin na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe.

Cúrsaí Comhshaoil

Le linn 2010 bhunaigh an Oifig Chomhshaoil comhpháirtíocht straitéiseach le hÚdarás Inbhuanaitheachta na hÉireann a raibh se mar thoradh air gur tugadh isteach clár oiliúna do bhainisteoirí rithábhachta i Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le feacht agus monatóireacht fuinnimh ar fud na seirbhíse.

Críochnaíodh Iniúcháireachtaí Fuinnimh i gCnoc an Arbhair, i gCnoc na Seimre, Luimneach agus Muinseo, Cór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin agus sa Chruithneachtán le go mbeadh Seirbhís Phríosúin na hÉireann in ann a chuspóir a shroichint maidir le húsáid fuinnimh agus acmhainní a laghdú.

Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide

Lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann le clár leanúnach suntasach infheistíochta i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide leis na riachtanais riaracháin agus oibríochta le Seirbhís Phríosúin nua-aimseartha a chur ar fáil. Tá an tSeirbhís Phríosúin éirithe ina mórfhiontar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide le 4,400 úsáideoirí agus breis agus 1,500 ríomhairí i 19 suíomh ar fud na tíre.

Baineadh céimeanna suntasacha amach i 2010 ar a raibh:

- Córas Taifead Faisnéise na bPríosúnach (PRIS). Tá an córas seo i bhfeidhm i ngach príosún ó 2001. Chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann tús leis an bpróiseas seo a athdhearadh agus a athfhorbairt i 2010. an córas nua ina fheabhsú ar an seanchóras in an-chuid earnálacha criticiúla agus soláthróidh sé bealach cuimsitheach le faisnéis faoi dhaonra na bpríosún a thaifead agus a roinnt. Chomh maith leis sin, laghdófar go mór ar an gcostas a ghabhann leis an gcóras a choinneáil amach anseo.
- Rinneadh uasghrádú suntasach ar an gcóras Ama agus Freastail i 2010. Tá na hathruithe ag oibriú go maith agus oireann siad do réimse iomlán na socrúithe leasuithe pá agus freastail faoin Togra um Athrú Eagraíochta.
- Maidir le Córas Taifead Liachta na bPríosúnach, do dhochtúirí, altraí, agus foireann liachta eile, rinneadh é a athfhorbairt i 2010 ar bhonn níos nua-aimseartha agus níos stóinsithe. Tá an córas nua feabhsaithe maidir le han-chuid gnéithe criticiúla agus tugann sé bealach cuimsitheach faisnéis liachta faoi dhaonra na bpríosún a chur ar taifead. Laghdóidh an athfhorbairt costas coinneála an chórais seo go mór amach anseo.
- Tugadh isteach agus cuireadh i bhfeidhm córas nua Cuairteoirí i 2010. Tá comhtháthú déanta idir an córas seo agus córas taifead na bpríosúnach agus tugann sé deis cuairteanna ar phríosúnaigh a thaifead. Forbraíodh an córas seo go himheánach agus mar sin, beidh sé roinnt mhaith níos saoire é a choinneáil.

Caibidil 7

Airgeadas

Bíonn an Stiúrthóireacht Airgeadais freagrach as na hearnálacha seo a leanas:

- Tuairisceoireacht agus rialú airgeadais, cur amach ráiteas airgeadais bliantúla maidir leis an tseirbhís san áireamh;
- Forbairt a dhéanamh ar smachtanna agus nósanna imeachta airgeadais a bhíonn ag teacht leis an gcleachtas cuntasíochta is fearr, Rialacháin an Aontais Eorpaigh agus reachtaíocht agus treoirlínte náisiúnta agus iad a chur i bhfeidhm;
- Riaradh, feidhmiú agus daingniú an chórais eolais bainistíochta airgeadais;
- Bainistíocht agus Pleanáil Airgeadais, ar a mbíonn soláthar agus léirmhíniú eolais bhainistíochta airgeadais;
- Tabhairt isteach rialú buiséid déabhlóidithe agus tarmligean ar údarás airgeadais do bhainisteoireacht áitiúil;
- Ceannach soláthairtí;
- Éilimh a dtionscnaítear in aghaidh Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Vótáil Dáil Éireann comhlán de €352.115 milliún do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i Vóta na bPríosún 2010 (Vóta 21)..

Athbhreithniú Airgeadais

Ba é comhlán chaiteachas Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2010 €335.2 milliún, thart faoi €16.9 milliún taobh istigh den bhuiséad. Caitheadh thart faoi 72% de chaiteachas iomlán Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2010 ar phá. Tá sonraí Fhorálacha agus Caiteachais 2010 leagtha amach i dTábla 7.1.

Taobh amuigh de phá is iad an dá ghné is suntasaí caiteachais Caiteachas Caipitil agus Soláthar Seirbhísí Príosúin.

- Bhí infheistiú caipitil suntasach ann le linn 2010, nuair a soláthraíodh cóiríocht agus áiseanna níos fearr ar fud eastát na bpríosún agus go háirithe, soláthraíodh spásanna breise i gCruinneachtán. Tá sonraí maidir le clár tógála Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2010 tugtha sa chaibidil ar Eastát na bPríosún.
- Tháinig méadú de 8% ar an gcostas a ghabh le soláthar Seirbhísí Príosúin i 2010, go príomha mar gheall ar an méadú i líon na bpríosúnach agus an méadú ag éirí as sin i soláthar leapacha.

Seirbhís Phríosúin na hÉireann 2010 Caiteachas agus Ioncam

Tábla 7.1: Forálacha Buiséid agus Caiteachas Iarbhír na Seirbhíse Príosúin 2010

	2009 Caiteachas Iarbhír €000	2010 Foráil Bhuiséid CaiteachasIarbhír* €000	2010 €000
Riarachán			
A.1 – Tuarastail, Pá agus Liúntais	259,895	254,714	241,955
A.2 - Taisteal agus Iostas	2,714	2,316	2,082
A.3 – Costais Theagmhasacha	8,099	8,187	5,884
A.4 – Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	3,627	3,985	3,154
A.5 – Trealamh Oifige & Soláthairtí Oifige Eile	5,179	3,923	5,100
A.6 – Seirbhísí comhairleoireachta	189	190	66
A.7 – Athbhreithniú Polasaí & Luach ar Airgead	0	50	0
Seirbhísí Eile			
B – Foirgnimh agus Trealamh	49,788	39,752	30,486
C – Seirbhísí Príosúin, etc.	38,218	32,407	41,336
D – Roinn Déantúsaíochta & Feirm	648	629	586
E – Seirbhís Phromhaidh – Seirbhísí do chiontóirí	10	53	26
F – Seirbhísí Oideachais	1,320	1,665	1,457
G – Oifigigh Phríosúin, Cumann Árachais Sláinte (Deontas -i-gCabhair)	0	521	0
H - Cúiteamh	4,013	2,973	2,854
I – Bearta Míbhuntáiste Sóisialta (Cuntais Díomhaine)	420	750	218
Caiteachas Comhlán	374,120	352,115	335,204
J – Leithghabhail i gCabhair (Fáltais)	16,293	17,384	18,095
Iomlán Caiteachais Glan	357,827	334,731	317,109

* Tá na figiúirí seo faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Bainistíocht Airgeadais

Costas in aghaidh Spáis Phríosúin, inúsáidte agus foireann ar fáil

Ba é meánchostas spáis príosúin inúsáidte agus foireann ar fáil chuige le linn na bliana féilire 2010 €70,513 (€77,222 i 2009), laghdú de €6,709 nó 8.7% ar chostas 2009 mar thoradh ar chaiteachas níos lú agus méadú ar líon na leapacha.. Seo iad na figiúirí ábhartha:

- laghdú ar chaiteachas iomlán de €20.7 milliún thar fhiúirí 2009; agus
- méadú de 97 ar líon na leapacha ó 4,106 ar 31 Nollaig 2009 go meán líon leapacha de 4,203 i 2010.

Bhí íslíú de bhreis is €20 milliún ar chaiteachas páchoibhneasta ó leanadh den titim i líon na foirne le linn 2010; níl an staid sin ag teacht le hinbhuanaitheacht na Seirbhíse Príosúin, áfach. Tugtar sonraí sa chaibidil faoi Bhainistíocht Acmhainní Daonna ar thionchar scor fostaithe agus an mhoratóra ar ar earcaíocht/ardú céime.

Chuaigh an méadú ar líon na bpríosúnach agus an méadú ar líon na leapacha a ghabh leis sin i bhfeidhm ar a chaiteachas. Mar sin féin, bhí fritháireamh ann maidir leis na méaduithe éileamhbhunaithe seo i gcoigealtas maidir le costais riaracháin taobh amuigh de chúrsaí pá, toradh ar éifeachtaí a thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann isteach i 2009 agus 2010.

Tugtar sonraí maidir leis an gcóiríocht nua a cuireadh ar fáil i 2010 sa chaibidil faoi Eastát na bPríosún.

Ní chuirtear san áireamh ach costais atá faoi smacht díreach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, cleachtas atá ag teacht le nós na mblianta roimhe seo. Fágtar amach ón áireamh caiteachas caipitil, sócmhainní foirgnamh agus trealaimh agus oibreacha beaga, ar mhaithe le héascú comparáidí idir cineálacha príosún agus ar bhonn bliantúil.

Léiríonn na táblaí seo a leanas na figiúirí do 2010 agus figiúirí 2009 mar chomparáid.

Tá na costais seo a leanas curtha san áireamh:

- Cóiríocht – Costais Athraitheacha a ghabhann léi – coinneáil & deisiú; solas; teas & cumhacht; conarthaí seirbhíse; diúscairt dramhaíola; muirir uisce; costais comhshaoil agus sláinte & sábháilteachta.
- Costais Athraitheacha Phríosúnachbhainte – lónadóireacht; cúram sláinte; aiscí príosúnach; oiliúint oibre (ag fágáil sócmhainní foirgneamh/trealaimh agus oibreacha beaga as an áireamh); éadaí, cóir leapacha, etc.; ábhair oideachais; mótarfheithclí (coinneáil & breosla, etc.); áiseanna caithimh aimsire; níochán éadaí; brath drugaí agus cléir ar cuairt.
- Costais Sheasta Phríosúnachbhainte – pá coimeádta; taisteal; teileachumarsáid; sainéide agus soláthairtí oifige, etc.
- Costais Neamh-Choimeádta (coimhdeacht príosúnach san áireamh) – pá neamhchoimeádta; oibríochtaí neamhchoimeádta agus costais riaracháin agus íocaíochtaí cúitimh.

Costas in aghaidh Spáis Príosúin agus Foireann ar fáil – gach príosún

CINEÁL CAITEACHAIS	2009 Costas/Spás (4,106 Spás)	2010 Costas/Spás (4,203 Spás)
Costais Athraitheacha Chóiríochtbhainte	3,900	4,245
Costais Athraitheacha Phríosúnachbhainte	5,748	6,291
Costais Sheasta Phríosúnachbhainte	53,139	47,183
Costais Neamhchoimeáta (Coimhdeacht príosúnach san áireamh)	14,436	12,795
IOMLÁN	77,222	70,513

Costas in aghaidh Spáis Inúsáidte Phríosúin agus foireann ar fáil – Príosúin Oscailte

CINEÁL CAITEACHAIS	2009 Costas/Spás (250 Spás)	2010 Costas/Spás (260 Spás)
Costais Athraitheacha Chóiríochtshainte	3,892	4,335
Costais Athraitheacha Phríosúnachshainte	4,940	5,431
Costais Sheasta Phríosúnachshainte	31,896	27,510
Costais Neamhchoimeádta (Coimhdeacht príosúnach san áireamh)	9,793	8,179
IOMLÁN	50,521	45,456

Costas in aghaidh Spáis Inúsáidte Phríosúin agus foireann ar fáil – Príosúin Iata

CINEÁL CAITEACHAIS	2009 Costas/Spás (3,457 Spás)	2010 Costas/Spás (3,573 Spás)
Costais Athraitheacha Chóiríochtshainte	3,746	4,036
Costais Athraitheacha Phríosúnachshainte	6,149	6,414
Costais Sheasta Phríosúnachshainte	54,358	47,745
Costais Neamhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh)	15,054	13,252
IOMLÁN	79,307	71,447

Costas in aghaidh Spáis Inúsáidte Phríosúin agus foireann ar fáil – Príosún
Ardsíandála

CINEÁL CAITEACHAIS	2009 Costas/Spás (399 Spás)	2010 Costas/Spás (370 Spás)
Costais Athraitheacha Chóiríochtshainte	5,234	6,197
Costais Athraitheacha Phríosúnachshainte	2,773	5,701
Costais Sheasta Phríosúnachshainte	55,894	55,582
Costais Neamhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh)	11,989	11,624
IOMLÁN	75,890	79,104

Tá na figiúirí do spásanna príosúin inúsáidte agus foireann ar fáil bunaithe ar an acmhainn leapacha i ngach institiúid I 2010.

**Feidhmiú Chreat Faisnéis Bhainistíochta (MIF) taobh istigh den tSeirbhís
Phríosúin**

Leanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann de thuarisceoireacht fheabhsaithe faoin IMF le bainistíocht agus rialú feabhsaithe airgeadais a thabhairt chun críche. Is é atá ar intinn go mbeadh eagraíocht níos straitéisdirithe ann a bheadh ag teacht le riachtanais córais ceartais nua-aimseartha agus a dhéanfadh amhlaidh ar bhealach costéifeachtach. Le linn 2010, lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann le tuarascála míosúla airgeadais a chur ar fáil do Stiúrthóirí agus Gobharnóirí Príosúin agus thug sí oiliúint bhreise do bhaill foirne lárnacha i nginiúint agus léirmhíniú eolais airgeadais.

Mar thaca do IMF, rinneadh cineachadh ar bhuiséid don bhainisteoireacht shinsearach in earnálacha caiteachais lánroghnacha le cuidiú le cinnteoireacht i ndáileadh agus bainistiú acmhainní.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tugtar an t-eolas seo a leanas de réir an Achta taobh istigh de na treoirlínte atá eisithe ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Seirbhísí Phríosúin na hÉireann lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc taobh istigh den amteorainn reachtúil. Cé go bhfuil na nósanna imeachta leagtha amach lena chinntiú go gcloífeadh leis an Acht, ní sholáthraíonn siad ach cinnteacht réasúnta seachas glanchinnteacht in aghaidh dhearbheamh-chomhlíonadh ar an Acht. Bhí na nósanna imeachta i bhfeidhm sa tréimhse airgeadais faoi athbhreithnú agus, i gcás íocaíochtaí déanacha, cuireadh na soláthróirí ábhartha ar an eolas agus íocadh an t-ús a bhí ag dul dóibh.

De réir an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil maidir leis an tréimhse airgeadais dar chríoch 31 Nollaig, 2010:

(a) Cleachtais Íocaíochta

Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann íocaíochtaí le soláthróirí de réir na dtéarmaí a sonraítear sna sonraisc nó coinníollacha ábhartha i gconarthaí aonair, más cuí. Ó 2002 i leith is é 30 lá atá sna téarmaí caighdeánacha.

(b) Íocaíochtaí Déanacha

Méid an tSonraisc	Líon Sonrasc	Méid Úis a Íocadh
		€
Faoi €317	4	23.90
Thar €317	88	1,714.51
Iomlán	92	1,738.41

(c) Céatadán iomlán d'íocaíochtaí déanacha agus iomlán an úis a íocadh.

Ba é 0.28% an céatadán iomlán de luach na n-íocaíochtaí déanacha le hais luach na n-íocaíochtaí iomlána. Ba é iomlán an úis a íocadh le hais íocaíochtaí déanacha ná €1,738.41.

(d) Nuálachtaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le hÚs Íocaíochta Pras a Laghdú

Tugann Seirbhís Phríosúin na hÉireann faoi mhionanailís mhíosúil ar gach cás inar íocadh ús íocaíochta pras, agus é ar intinn go n-aithneofaí agus go ndíothófaí na cúiseanna coitianta le moill san íocaíocht. Mar thoradh ar na bearta smachta a tugadh isteach, bhí iomlán an úis íocaíochta pras a íocadh i 2010 61% níos ísle ná a chomhionann i 2009.

Caibidil 8

Bainistíocht Acmhainní Daonna

Bíonn an Stiúrtóireacht Acmhainní Daonna freagrach as soláthar réimse iomlán de sheirbhísí Acmhainní Daonna a sholáthar do thart faoi 3,400 d'fhoireann phríosúin a oibríonn taobh istigh de Sheirbhís Phríosúin na hEireann. Ar na bunearnálacha freagrachta tá earcaíocht agus imlonnú foirne, próiseáil pá, liúntais agus pinsin, bainistiú asláithreachais, forbairt ar pholasaithe agus, níos tábhachtaí, riaradh agus monatóireacht ar fheidhmíocht bhainistíochta ar fud na seirbhíse.

Léiríonn a bhfuil thíos an réimse gníomhaíochtaí taobh istigh de na hearnálacha bunúsacha seo i gcúrsaí acmhainní daonna.

Earcaíocht

D'fhaomhaigh an tAire Airgeadais earcú 152 Ábhar Oifigeach Príosúin (RPOs), 7 Oifigeach Altranais agus 2 Shíceolaí le linn 2010. Bhí an faomhú seo mar fhreagairt méid áirithe ar an méadú ar an líon foirne a bhí ag scor den obair nó a d'éirigh as le linn 2010 (d'fhág 226 ball foirne an tseirbhís – méadú de thart faoi 6% ar na figiúirí do 2009). Bhí foireann nua de dhíth freisin le freastal ar sheoladh na cóiríochta príosúin nua i bpríosúin an Chruithneachtáin agus Mhiuinseo. Chuidigh na hearcaigh nua freisin le seoladh na cóiríochta nua do phríosúnaigh bhaineann i bPríosun Luimnigh.

Ardú Céime

Ag éiri as léibhéal agus cineál na ndaoine a bhí ag scor den fhostaíocht bhí folúntais i roinnt post riachtanach i rith na bliana. Mar thoradh air sin d'fhaomhaigh an tAire Airgeadais roinnt comórtas le haghaidh ardú céime. Chinntigh na comórtais seo leibhéal éifeachta oibriúcháin ar fud na seirbhíse, go háirithe ag gráid shinsearacha phríosúin. Le linn na bliana chinntigh na comórtais ardú céime ceapachán beirte nua ag léibhéal Gobharnóir 1. Bhain na comórtais ardú céime eile le cúig phost ag leibhéal Gobharnóir 3, ocht bpost ag leibhéal Leas-Ghobharnóra agus 28 bpost ag grád Píomhoifigigh Chúnta.

Bainistíocht Asláithreachais

Tá ábharthacht ar leith ag baint le sláinte agus folláine foirne nuair a chuirtear a leithéid i gcomhthéacs a chinntiú go gcoinnítear patrúin inthuartha freastail le talamh slán a dhéanamh maidir le coimeád slán agus cúram an daonra phríosúin. Bíonn leibhéal eiseamláracha riachtanach do bhainistiú shreabhach na hoibre agus cloí le seachadadh éifeachtach agus tráthúil na seirbhísí ar fud eastát na bpríosúin.

Le linn 2010, bhain 3,269 ball foirne leas as 61,789 laethanta tinnis ar ionann é agus 18.9 lá per capita, nó méadú 5.6% ar líon na laethanta a cailleadh de bharr tinnis i gcomparáid le figiúirí 2009.

Bliain	Lá	Foireann	Per Capita
2005	81,503	3,077	26.49
2006	82,580	3,143	26.27
2007	71,651	3,311	21.64
2008	65,184	3,426	19.84
2009	58,515	3,392	17.25
2010	61,789	3,269	18.90

Ó 2005 i leith tá laghdu suntasach ar leibhéal an asláithreachais tinnis. Mar sin féin, cé go bhfuil na figiúirí do 2010 gar go maith d'fhigiúirí 2009, léiríonn siad freisin cúlú ar an treocht in isle atá ann ó 2005 i leith, rud ar ábhar imní é.

Beidh an cor seo in airde, bíodh is go bhfuil sé beag, ar mhéid beag de thosaíochtaí ag an Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna i 2011. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tiomnaithe go hiomlán do thabhairt faoin gceist seo leis an gcúlú a stopadh. Agus é seo idir lámha tá súil aici go gcoinneofar leis an dul chun cinn suntasach atá déanta sa ghnó seo le blianta beaga anuas agus go ndéanfar é a fheabhsú. Bainfear é sin amach le bearta éagsúla ar a mbeidh leas níos mó a bhaint as ár seirbhísí tacaíochta, i.e., teacht ar sheirbhísí tacaíochta síceolaíochta, an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe, agus an Príomh-Dhochtúir Oifigiúil.

An Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (Tionscnamh HRMS)

Cuireadh Céim 1 de Thionscnamh HRMS i bhfeidhm i Meitheamh 2010. Is éard a bhí i gceist anseo feidhmiú uirlise tuairisceoireachta um bhainistiú asláithreachais ar fud eastát na bpríosún, an Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna i Seirbhís Phríosúin na hÉireann san áireamh. Tá teacht isteach an réitigh nua teicneolaíochta seo tar éis cuidiú na nósanna imeachta do thaifeadú agus monatóireacht ar asláithreachtaí foirne taobh istigh den tseirbhís a athchóiriú chun éifeachta.

Is é atá i gcéim 2 den tionscnamh córas fiontraíochta Acmhainní Daonna a bhaint amach do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus tá dul chun cinn maith déanta maidir leis an gcéim sin agus tá sí de réir sprice le cinneadh a dhéanamh go luath i 2011. Ina dhiaidh sin forbrófar plean tionscnaimh agus amlíne d'fhaidhmiú agus seoladh an chórais roghnaithe i gcomhar leis an bhforthairgeoir a n-éiríonn leis.

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014

Clár an Trasfhoirmithe

Tar éis idirbheartaíochta go luath i 2010 thángthas ar chomhaontú idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus ionadaithe foirne maidir le clár trasfhoirmithe don tSeirbhís Phríosúin. Rinneadh an comhaontú mar chuid den socrú foriomlán, Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014.

Tá sé leagtha amach sa Chomhaontú go seachnóidh Seirbhís na hÉireann coigealtas bliantúil de €21milliún ar costais pá na bpríosún. Ní bheifear in ann an coigealtas iomlán a bhaint amach ach ar bhonn bliantúil nuair a bheas an clár trasfhoirmithe atá de dhíth tugtha chun críche agus go hiomlán i bhfeidhm. Bíodh is go nglacfaidh an próiseas trasfhoirmithe roinnt blianta le cur i bhfeidhm go hiomlán bainfear leas as an gcoigealtas tosaigh sa chead áit le tacú le cóiríocht nua do phríosúnaigh agus ina dhiaidh sin le coigealtas a chur ar fáil don Státchiste.

Tá an Comhaontú bunaithe ar an mbonn nach bhfuil na leibhéil fostaíochta reatha agus na múnlaí imlonnaithe inbhuanaithe sna tosca eacnamaíochta reatha. Dá bhrí sin ní mór dóibhsean athrú le haon choigealtas suntasacha a bhaint amach. Agus iad ag iarraidh na hathruithe seo a chur i gcrích i gcomhar le foireann na bpríosún tabharfaidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann faoi chostais pá na seirbhíse a íslíú gan dochar a dhéanamh do reachtáil na bpríosún nó an bonn a bhaint dá cumas á ráiteas misin a chur i bhfeidhm.

Tá an méid seo a leanas leagtha amach i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí maidir le Seirbhís Phríosúin na hÉireann:

- comh-athbhreithniú grinn foirne/bainistíochta ar na tascanna ar fad taobh istigh den tseirbhís phríosúin (cuimsíonn an t-athbhreithniú seo scrúdú ar gach gné d'obair na bpríosún – poist, tascanna, próisis, bonneagar etc.)
- tabhairt isteach próisis nua gnó agus oibre, polasaithe nua san áireamh, nuair is cuí
- athbhreithniú ar gach liúntas taobh istigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (ar bhonn neodrach ó thaobh costais de)
- tabhairt isteach Earcaíocht Oscailte i ngráid áirithe
- tabhairt isteach Scéime Luathaithe Ardaithe Céime
- bunú grád riaracháin príosún nua

Meicníocht Neamhspleách Mhonatóireachta

Bunaíodh grúpa faoi chathaoirleacht neamhspleách Mr. Michael McCloone le próiseas an fheidhmithe a threorú agus a chur chun cinn. Tá an méid céanna d'ionadaithe ón mbainistíocht agus ón bhfoireann sa ghrúpa agus tuairisceoidh sé don Chomhlacht Feidhmithe atá bunaithe ag an Rialtas le maoirsiú a dhéanamh ar Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí. Tá an cúram ar an gComhlacht Feidhmithe deimhniú a dhéanamh ar bhaint amach coigealtais faoin gComhaontú agus tuairisciú don Rialtas. Tá an chead tuarascáil uathu le foilsiú go luath in Earrach 2011. Tháinig an chéad chruinniú den Ghrúpa Earnála le chéile i Samhain 2010.

Cuireadh Plean Feidhmithe do thrasfhoirmiú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann faoi bhráid na Comhlachta Feidhmithe Náisiúnta i Meán Fómhair 2010. Tá an plean seo le foilsiú go luath i 2011.

Seoladh bloc cóiríochta nua do 200 príosúnach i bPríosún an Chruithneachtáin i nDeireadh Fómhair 2010. Seoladh an bloc nua seo le múnla imlonnaithe nua níos éifeachtaí bunaithe ar na prionsabail atá leagtha amach sa Chomhaontú. Tá sé seo ar an chéad torthaí inbhraite ag eascirt as feidhmiú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí i Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Dul chun cinn an Athbhreithnithe Tascanna

Cuireadh tús foirmiúil leis an Athbhreithniú Tascanna, atá ina ghné lárnach den Chomhaontú faoi mar a bhaineann se leis an tSeirbhís Phríosúin, ar 12 Samhain 2010. Cuireadh méid mór oibre cúlra agus ullmhúcháin i gcrích maidir leis na hathbhreithnithe seo; rinneadh é sin ar bhonn comhpháirtíochta leis na cumainn foirne cuí. Mar chuid de sin, inter alia, tugadh comhchuirteanna ar phríosúin i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe, mar a bhfuil taithí ar athrú suntasach eagraíochta i gcomhthéacs laghdú ar acmhainní.

Cuireadh tús leis an Comh-Athbhreithniú Tascanna bainistíochta-ceardchumainn i bPríosún Chnoc Seimre i dtosach le comhléiriú ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus Cumann na nOifigeach Príosúin do ionadaithe bainistíochta agus ceardchumainn sa phríosún. Is é atá i gceist leis an bpróiseas go ndéanfadh an bhainistíocht agus an ceardchumann scrúdú i dteannta a chéile ar gach gné agus ar oibriúcháin an phríosúin agus cuirfear críoch leis le linn 2010.

- Cuireann SEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA hÉIREANN 3 Oifigeach Cuidithe Fostaithe ar fáil go náisiúnta don bhfoireann, le tacaíocht ó 34 Oifigeach Tacaíochta Foirne ar fud eastát na bpríosún. I 2010 chas na hOifigigh Chuidithe Fostaithe le 346 ball foirne a d'iarr eolas maidir le hearnálacha cúnaimh a bhain le ceisteanna oibre nó pearsanta.
- Soláthraíonn an CMO seirbhísí sláinte ceirde ar a mbíonn comhairle maidir le hinniúlacht liachta don obair, athruithe san obair agus socruithe a d'fhéadfadh a bheith de dhíth le cumas oibre a chinntiú agus filleadh ar an obair.

1.